

DÁIL ÉIREANN

JOINT COMMITTEE ON THE IRISH LANGUAGE, THE GAELTACHT AND THE IRISH-SPEAKING COMMUNITY

COMHCHOISTE NA GAEILGE, NA GAELTACHTA AGUS PHOBAL LABHARTHA NA GAEILGE

Dé Céadaoin, 21 Iúil 2021

Wednesday, 21 July 2021

Tháinig an Comhchoiste le chéile ag 12.30 p.m.

The Joint Committee met at 12.30 p.m.

Comhaltaí a bhí i láthair / Members present:

Teachtaí Dála / Deputies	Seanadóirí / Senators
Catherine Connolly,	Lorraine Clifford-Lee.
Pa Daly,	
Joe McHugh,	
Marc Ó Cathasaigh.	

I láthair / In attendance: Deputy Éamon Ó Cuív.

Teachta / Deputy Aengus Ó Snodaigh sa Chathaoir / in the Chair.

Gnó an Chomhchoiste

Chairman: Tá leithscéal faigte againn ón Teachta Pa Daly agus na Seanadóirí Rónán Mul-len, Niall Ó Donnghaile agus Barry Ward. Tá a fhios ag daoine na rialacha faoi achar sóisialta a choimeád agus nuair atá daoine ag labhairt is féidir an púicín a bhaint agus labhairt gan é ach ina dhiaidh sin é a chur ar ais más féidir.

Seirbhísí Poiblí Dátheangacha na gComhlachtaí Poiblí agus Líon na Seirbhíseach Dáthe-angach: Plé

Chairman: Táimid ag cur fáilte roimh David Cagney, leas-ard-rúnaí agus ceann acmhainní daonna na státseirbhíse; Rob O'Toole, príomhoifigeach, agus Eva Ní Shuilleabháin, oifigeach cléireachais, rannán acmhainní daonna na státseirbhíse, mar ionadaithe ar son na Roinne Caite-achais Phoiblí agus Athchóirithe, agus an Dr. Aodhán Mac Cormaic, stiúrthóir na Gaeilge, mar ionadaí ar son na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Táimid ag plé an ábhair maidir le seirbhísí poiblí dátheangacha na gcomhlachtaí poiblí agus líon na seirbhíseach dátheangach. Ba mhaith liom mo bhúiochas a ghabháil leis na finnéisithe as a bheith linn anseo inniu.

Ba mhaith liom a chur ar an taifead go bhfuil na finnéisithe lonnaithe i Seomra na Dála le linn an chruinnithe seo. Ba mhaith liom na finnéisithe a chur ar a n-aird go bhfuil siad, de bhua alt 17(2)(l) den Acht um Chlúmhilleadh, 2009, faoi chosaint lánphribhléid maidir leis an bhfianaise a thugann siad don choiste seo chomh fada is atá siad lonnaithe sa seomra coiste féin. Má ordaíonn an comhchoiste dóibh, ámh, éirí as an bhfianaise a thabhairt i leith ní áirithe agus má leanann siad dá tabhairt, níl siad i dteideal dá éis sin ach príobléid cáilithe i leith na fianaise acu. Ordaítear dóibh nach dtabharfar ach fianaise a bhaineann le hábhar na n-imeachtaí seo agus fiafraítear dóibh cleachtadh parlaiminte a urramú nár chóir, más féidir, daoine nó eintiteas a cháineadh ná líomhaintí a dhéanamh ina n-aghaidh, ina ainm, ina hainm nó ina n-ainm ar shlá a bhféadfaí iad a aithint. Ba mhaith liom iad a chur ar an eolas go ndéanfar na ráitis tionscnaimh a chuireann siad faoi bhráid an chomhchoiste a fhoilsíú ar shuíomh gréasáin an chomhchoiste tar éis an chruinnithe seo.

Meabhraítear do chomhaltaí an cleachtadh parlaiminte atá ann le fada nár chóir dóibh tuairimí a thabhairt maidir le duine atá taobh amuigh de na Tithe nó le hoifigeach ina ainm nó ina hainm nó ar shlá a bhféadfaí iad a aithint.

Táimid chun díriú isteach air seo mar go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le seo toisc go bhfuil sé chomh lárnach do thodhchaí na Gaeilge agus leis an bplé a bhí á dhéanamh againn maidir le Bille na dteangacha oifigiúla agus na spriocdhátaí nó spriocanna a leagaimid síos ansin. Ar dtús báire, agus é sin ráite agam, iarraim ar David Cagney labhairt os comhair an chomhchoiste.

Mr. David Cagney: I thank the Chairperson and members of the committee for the invitation to appear before them today. As the Chair pointed out, I am the chief human resources officer for the civil service in the Department of Public Expenditure and Reform. During the course of my appearance before them today, I ask members to note I can only speak on matters pertaining to the Civil Service. I realise the remit of this committee extends to the wider public service.

I am joined by my colleague, Mr. Rob O'Toole, principal officer from the Civil Service HR

policy division of the Department of Public Expenditure and Reform as well as Dr. Aodhán Mac Cormaic, director of Irish in the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media, both of whom work closely together in progressing the current five-year action plan under the Government's 20-year strategy for the Irish language.

While I have some conversational Irish that I seek continuously to improve, to ensure I can direct my full attention to members' questions, I invite my colleague, Ms Eva Ní Shuilleabhadháin, who works in my division, to read the remainder of my opening statement. I would appreciate it if any questions that arise are directed towards me and not Ms Ní Shuilleabhadháin.

Ms Eva Ní Shuilleabhadháin: Is ar an gcomhlacht seirbhise poiblí agus dá máthair-Ranna faoi seach atá an dualgas ar sholáthar seirbhísí poiblí do chomhlachtaí poiblí. I gcás mo Roinn féin, is iad na príomhchustaiméirí ná an tAire, an tAire Stáit, an Rialtas, an tOireachtas, chomh maith le Ranna eile. De bharr chineál a gcuid feidhmeanna agus obair na Roinne, ní bhíonn ardleibhéil teagmhála le baill aonair don phobal i gcoitinne nó seirbhísí á chur ar fáil agus á soláthar go díreach dóibh. Tá an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe tiomanta chun a chuid dhualgas á chomhlíonadh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus, go háirithe, na dualgais a leagtar amach i scéim teangacha oifigiúla na Roinne, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne agus atá á uasdátú i láthair na huaire. Tá an Roinn tiomanta gach iarracht a dhéanamh faoin bplean gníomhaíochta um sheirbhís do chustaiméirí agus cairt chustaiméirí na Roinne chun cúram a dhéanamh dár gcustaiméirí ar mhian leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge.

Mar chuid den aighneacht scríofa a cuireadh chuig an gcoiste, leag David Cagney béisim ar an tstí a sholáthraíonn comhlachtaí atá faoi scáth na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a sheirbhísí Gaeilge dá gcustaiméirí. Is iad sin ná an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus Oifig na nOibreacaha Poiblí. Níl comhairesamh ceart ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar líon na státseirbhísigh phoiblí atá líofa i nGaeilge agus i mBéarla.

Mar a rinneadh tagairt dó san aighneacht scríofa chuit ag gcoiste, d'fhoilsigh An Coimisiúnír Teanga tuarascáil in 2019 ina leagfar amach torthaí iniúchadh cuimsitheach ar líon na státseirbhísigh a bhfuil cumas labhartha na Gaeilge acu. Tagraím do na torthaí. Tugadh le fios go bhfuil líon na státseirbhísigh a luaigh go bhfuil líofacht acu sa Ghaeilge í seal. B'ionann 2.62% de dhaonra iomlán na státseirbhísigh a rinneadh iniúchadh orthu. Tháinig sé chun solais nach raibh ach 0.4% do na poist sa státseirbhís luaite le bheith ag lorg líofacht sa Ghaeilge. Níl aon chúis agam a chreidiúint go mbeadh an-difríocht ó na figiúirí seo dá méadófaí an méid a úsáidtear sa sampla.

Léiríonn torthaí an iniúchta seo scála an chomh-dhúshlán atá romhainn amach chun seirbhísí dátheangacha a bheith ar fáil ar fud na státseirbhise agus an sprioc a bhaint amach go mbeidh 20% d'earcaigh nua in ann a gcuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge faoi 2030 mar atá leagtha amach i mBille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú). Tá an earcaíocht go léir bunaithe ar éileamh agus tugann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí faoi chomórtais thar ceann na státseirbhise chun painéil a chur ar bun ónar féidir poist a líonadh de réir mar a thagann folántais i Ranna nó oifigí Rialtais. Tá bealaí éagsúla ann chun gur féidir cainteoirí Gaeilge a earcú chuig poist sa státseirbhís. Maidir le grád seirbhise ginearálta neamh-speisialtóra, is iad na bealaí ná comórtais tiomnaithe Ghaeilge, comórtais neamh-dhátheangacha - is féidir le hiarrthóirí dátheangacha spéis a léiriú in aon phost ag grád áirithe - nó an dá bhealach seo.

Faoi na rialacha seo, bheadh seans níos fearr ag daoine dátheangacha poist a fháil sa státseirbhís agus ardú céime a thabhairt dóibh ina dhiaidh sin. Beidh siad in ann dul in iomaíocht

i níos mó comórtais i gcomparáid le duine nach bhfuil feidhmiúil sa dá theanga. Is féidir le fostaithe buan a éiríonn leo ina dtréimhse phromhaidh iarratas a chur isteach chun aistriú chuig ról nó áit eile nuair a bheidh siad incháilithe faoin scéim soghluaisteachta na státseirbhise. Is féidir leo aistriú chuig nó amach as róil dhátheangacha.

Mar chuid den aighneacht scríofa a cuireadh chuig an gcoiste, chuir David Cagney an t-eolas is déanaí faoi ghníomhaíocht earcaíochta Gaeilge na státseirbhise, ó 2017 go dtí seo, ar fáil. Tagraím do na príomhthreoracha. I rith na tréimhse sin, chuaigh níos lú ná 1% do cheapacháin na státseirbhise go poist ina raibh Gaeilge ag baint leo. Tá iarratais ó chainteoirí Gaeilge do buanphoist dátheangacha mar oifigigh cléireachais agus oifigigh feidhmiúcháin, a bhfuil freagrachtai lárnacha orthu as seachadadh seirbhise ag oifigí státseirbhise, an-íseal i gcomparáid le comórtais neamh-dhátheangacha.

Faoi m bliain 2022 beidh an Ghaeilge mar theanga oibre oifigiúil iomlán an Aontais Eorpaigh agus cuirtear fáilte roimh seo. Ciallaíonn sé sin, áfach, faoi láthair go bhfuil iomaíocht dhíreach ann idir státseirbhís na hÉireann agus na seirbhísí aistriúcháin in institiúidí an Aontais Eorpaigh maidir leis an lín beag de na hoibrithe oilte dhátheangacha atá ann faoi láthair, go háirithe ó bhunaíodh an t-aonad aistriúcháin Gaeilge an Aontais Eorpaigh i mBaile Átha Troim, Contae na Mí, le déanaí.

Ní comhtharlú ar bith é go bhfuil Dr. Mac Cormaic in éineacht linn inniu. Cuirfidh an taithí atá gnóthaithe ag an Róinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán i bhforbairt agus ag cur straitéisí i bhfeidhm atá dírithe ar deireadh a chur le maolú na hEorpa in iúl dúinn faoi cad a dhéanaimid sna blianta amach romhainn. Don chéad uair riamh, i nuacht atá thar a bheith dearfach don Róinn, ina bhfuil forbairt na Gaeilge mar an príomhfhereagracht aici, beidh ról lárnach aici maidir le heolas a thabhairt do bheartas earcaíochta na seirbhise poiblí. Má táimid chun an sprioc go mbeidh 20% d'earcaigh nua in ann a gcuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge a bhaint amach faoi 2030, beidh orainn cur chuige trasna an Rialtais ar fad le comhoibriú iliomad páirtithe leasmhara. Is tionscadal fadtéarmach é sin agus tá go leor dúshlán ann. Beidh cur chuige praiticiúil comhordaithe ag teastáil uaidh sa tréimhse suas go dtí 2030.

Tá an Bille reatha atá faoi bhráid Thithe an Oireachtais dírithe go príomha ar earcaíocht sa státseirbhís sa todhchaí. Ní mór dúinn gan dearmad a dhéanamh ar an 40,000 nó mar sin státseirbhíseach atá againn cheana féin. Tá cúrsái idirmheánacha agus ardchúrsaí Gaeilge ar fáil do gach státseirbhíseach trí OneLearning, an t-ionad seirbhísí comhroinnte foghlama agus forbartha don státseirbhís, atá lonnaithe i Róinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Leanann sé ar aghaidh ag obair le Gaelchultúr chun sraith cúrsái Gaeilge a chur ar fáil ar líne. Is é an rún atá ag na cúrsái sin ná tacú le baill fhoirne a n-inniúlacht sa Ghaeilge a fhorbairt agus, ar bhonn tábhachtach, cur le cumas na státseirbhise seirbhísí a sholáthar trí mheán na Gaeilge don phobal.

Mar a shonraítear san aighneacht, tá 1,291 státseirbhísigh cláraithe ar chúrsa oiliúna Gaeilge ó 2018 i leith. Tá 307 cláraithe i mbliana. Tá OneLearning ag forbairt a chéad ghlúin eile de chúrsaí oiliúna faoi láthair. Áirítear leis seo béim leanúnach ar oiliúint sa Ghaeilge a sholáthar agus pleannanna chun cúrsa Gaeilge do thosaitheoirí a thabhairt isteach.

Mar fhocal scoir, tá bóthar fada le taistéal chun an sprioc earcaíochta dúshlánach a bhaint amach go mbeidh 20% d'earcaigh nua in ann a gcuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge faoi 2030. Leis an spriocbhliain 2030 mar pháirt den Bhille neartaithe, ba cheart an sprioc earcaíochta a bhaint amach, agus leis an tagairt shainiúla do na gealltanais seo i Straitéis Athnuachana na Státseirbhise 2030 a seoladh i mí na Bealtaine 2021, cinnteofar go mbeidh an státseirbhís ar fad ar bhord lena chinntíú go ndéanfar an iarracht is fearr na spriocanna seo a bhaint amach.

Is féidir le baill an choiste a bheith cinnte go n-oibreoidh oifigigh sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí go réamhghníomhach mar bhall den choiste comhairleach atá le bunú ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaón, Gaeltachta, Spóirt agus Meán nuair a bheidh an Bille reatha atá faoi bhráid Thithe an Oireachtas curtha i bhfeidhm.

Gabhaim buíochas leis na baill arís as cuireadh a thabhairt dúinn teacht os comhair an choiste inniu agus tá muid ag tnúth le bheith i rannpháirtíocht leo amach anseo.

Chairman: An bhfuil an Dr. Aodhán Mac Cormaic ag iarraidh aon rud a rá ag an stad seo?

Dr. Aodhán Mac Cormaic: No, nílim.

Chairman: Rachaidh mé díreach go dtí ceisteanna ó na Teachtaí.

Deputy Éamon Ó Cuív: Gabhaim buíochas leis na finnéithe as an gcur i láthair agus as an aighneacht a chur ar fáil roimh ré dúinn. Tá mé ag iarraidh an córas atá ann a thuisceint, go mór mór ó thaobh an iarratasóra a dhéanfadh iarratas ar phost neamhspeisialta sa státseirbhís. Tá grád ginearálta ann agus, de réir mar a thugaim – b'fhéidir go mbeidh na finnéithe in ann é seo a dheimhniú - is iad na daoine is mó a earcaítear ná oifigigh chléireachais agus oifigigh fheidhmiúcháin. De réir a thuigim, má chuireann siad isteach ar an bpainéal Gaeilge, ní gh-lactar leis go huathoibríoch go bhfuil cumas Béarla acu freisin. Ní áirítear iad do phoist nach bhfuil Gaeilge ag teastáil uathu. Tagraím do dhaoine nach gcuireann isteach ar an bpainéal dátheangach, mar a dtugann an Roinn air, ach, ní painéal dátheangach i ndáiríre é. Is é an painéal Gaeilge an painéal dátheangach, i ndáiríre, mar glactar go bhfuil Béarla ag gach uile dhuine air. Sa chás sin ní gh-lactar leis na daoine seo ar chor ar bith. Tabharfaimid “an painéal Gaeilge” agus ”an painéal Béarla” orthu. An bhfuil an ceart agam, má theastaíonn le duine a bheith áirithe le poist nach bhfuil riachtanais na Gaeilge i gceist - agus muid ag caint faoi líofacht Bhéarla – is fiú cur isteach ar an bpainéal Béarla freisin?

Éiríonn mo dhara ceist as sin. Abair muna ndéantar é sin agus go mbíonn duine ar an bpainéal Gaeilge amháin, má thagann post suas nach mbíonn Gaeilge ag teastáil ach go bhfuil Béarla ag teastáil, an bhfuil an ceart agam, nach n-áirítear an duine don phost a bhfuil Béarla de dhíth, fiú dá bheidís ionlán cáilithe don phost sin? Chomh maith leis sin, cé mhéad duine a thuigeann go gcaithfidh siad a chur isteach ar an dá phainéal le bheith cáilithe d’ionlán na bpost sa státseirbhís, idir Béarla agus Gaeilge - más rud é go bhfuil Gaeilge acu – chun an deis is fearr a bheith acu chun an post a fháil?

Mar an triú ceist, má chuireann Gaeilgeoir isteach ar an dá phainéal, an bhfuil aon taifead ag an Roinn ar cé hiad is túisce á earcaítear uathu? Má chuireann duine isteach ar an bpainéal Gaeilge agus ar an bpainéal Béarla, an mó seans go ndéanfaí an duine a earcú i dtosach ón bpainéal Béarla, de bharr go bhfuil i bhfad níos mó poist i gceist, ná dá mbeadh ag an duine céanna ar an bpainéal Gaeilge? Tá sé ráite nach bhfuil ach 0.4% de na poist sainordaithe le bheith ag lorg líofacht sa Ghaeilge nó poist dhátheangach. Mura dtuigeann muid é sin agus mura bhfaighimid soiléireacht air sin, ní bheidh muid in ann aon bhreithiúnas siúrálte a fháil ar an bhfáth nach bhfuil daoine ag cur isteach ar an bpainéal Gaeilge.

Go minic, bíonn dhá fhadhb in intinn na ndaoine le Gaeilge. Is í an chéad cheann ná go bhfuil líon na bpost Gaeilge an-bheag agus mar sin bheadh sé i bhfad níos fearr dóibh a bheith ar an bpainéal mór. Is í an dara fadhb ná go mbíonn siad sáinnithe, i dtosach báire ar aon chaoi, i bpoist Ghaeilge amháin. Ní féidir leo dul isteach i go leor Ranna eile má theastaíonn uathu

mar deirtear leo nach poist Gaeilge iad, má théann siad ar an bpainéal sin. Sílim féin, mura bhfaighimid tuiscint shoiléir ar an gceist seo, ní bheidh muid in ann aon dul chun cinn a dhé-anamh.

Chairman: Cé ar mhaith leo freagra a thabhairt ar sin?

Mr. David Cagney: If Mr. O'Toole would like to take that question, I am happy for him to respond.

Mr. Rob O'Toole: I thank Deputy Ó Cuív for his questions. This is very much in line with some of the parliamentary questions we have received earlier, such as the debate with the Minister of State, Deputy Smyth.

I hope to answer most of the Deputy Ó Cuív's questions and will answer them in order. In reference to the purpose of the Irish language panels, the first key point is about ensuring that we meet the demand for Irish language posts in the civil service. The Deputy pointed out, based on the report from An Coimisinéir Teanga, that circa 0.4% of roles require Irish at the moment. We believe – I am sure Dr. Mac Cormaic will come in on this point later – that as the Bill comes to fruition there will be more Irish language posts available across both the public and civil services. We also said that we hire about 1% of people on the Irish language side, therefore, we more than meet the current demand.

To answer the Deputy's first question, he is correct that the CO and EO grades are where most of the roles are. That typically accounts for nearly 50% of civil service positions. In terms of the opportunities, it is not just about the roles that are available. I would ask that we consider the level of applications. On a like-for-like basis on the CO panels, English-bilingual versus the Irish-only, there is about a 1:93 difference in the applications. We believe that by offering people the opportunity to apply for both, aids people who have the Irish language.

In terms of the next question about where one is most likely to get promoted out of, that is both a-----

Deputy Éamon Ó Cuív: Ní hí sin an cheist. Tá sí maidir le duine a cheaptar as - appointed out of - an bpainéal Gaeilge. Tugtar an painéal dátheangach ar an gceann eile an ea?

Mr. Rob O'Toole: I am referring to the English panel in which applicants can show a preference for an Irish role as well. We offer both those opportunities. In the last CO competition, 2.3% of applicants said they had an interest in an Irish role as well. We, therefore, try to give both opportunities.

Deputy Éamon Ó Cuív: Tá mé ag iarraidh é seo a thuiscint mar atá gach duine eile ar an taobh seo den Seomra.

Mr. Rob O'Toole: Yes.

Deputy Éamon Ó Cuív: Má chuirtear isteach ar an bpainéal Béarla, is painéal dháthean-gach é agus is féidir le duine a rá gur mhaith leis nó lei post le Gaeilge.

Mr. Rob O'Toole: Yes.

Deputy Éamon Ó Cuív: Má cuirtear isteach ar an bpainéal Gaeilge, glactar go bhfuil Béarla aige nó aici.

Mr. Rob O'Toole: Yes, that is correct.

Deputy Éamon Ó Cuív: An nglactar go bhfuil Béarla aige nó aici?

Mr. Rob O'Toole: I understand the point Deputy Ó Cuív has made. He also raised the with the Minister of State as well. Yes, I think there would be a high probability that he or she would have English.

Deputy Éamon Ó Cuív: Bheadh sé dodhóanta don státseirbhís i gcoitinne atá ag obair trí Ghaeilge a fheidhmiú gan Bhéarla mar bionn sí ag plé le daoine eile nach bhfuil Gaeilge acu. Bionn an Dr. Mac Cormaic, mar shampla, ag plé le daoine i mBéarla an t-am uilig. Gach uile duine sa státseirbhís a phléitear cúrsaí i nGaeilge, bionn siad ag plé le cúrsaí i mBéarla freisin go cumasach. Tagann codanna suas i nGaeilge mar aon leis an mBéarla. Glacaim leis go bhfuil Béarla ag na daoine sin.

Má thagann post le Gaeilge suas, an dtéitear tríd an dá phainéal? Maidir leis na daoine le marc i ndiaidh a n-ainm ag léiriú go bhfuil Gaeilge agus Béarla acu, an gcuirtear iad siúd i gcomparáid leis na daoine atá ar an bpainéal Gaeilge amháin, agus más ea cén chaoi? Cuir i gcás go bhfuil an Roinn le cúram na Gaeltachta ag iarraidh duine le Gaeilge a cheapadh, an dtéitear síos an painéal dátheangach, mar a dtugann na finnéisithe air? An féidir duine a bheith air gan ach Béarla amháin a bheith aige nó aici ach a rá go bhfuil Gaeilge aige nó aici freisin? An dtéitear síos an painéal sin agus an painéal a bhaineann le Gaeilge amháin acu, ag an am céanna? Cén chaoi a roghnaítear duine agus cén tosaíocht a thugtar dó nó di? Ní thuigim cén fáth go bhfuil an dá phainéal ann.

Shílfí dá mbeadh painéal amháin ann agus daoine áirithe le “dátheangach” ina ndiaidh a n-ainm, agus dá mbeadh post dátheangach ag teacht anuas, is é sin post le Gaeilge chomh maith le Béarla, go dtabharfaí don chéad duine eile ar an liosta é. Tá Rob O’Toole ag rá “No”, go bhfuil painéal amháin - Gaeilge agus Béarla - agus má tá Gaeilge ag duine chomh maith le Béarla curfear marc lena ainm nó lena hainm. Sa phainéal Gaeilge amháin, glactar go mbíonn Gaeilge agus Béarla acu. Má cheaptar duine sa Roinn le cúram na Gaeltachta, cá bhfaightear é nó í agus cén tosaíocht a thugtar don dá phainéal?

Mr. Rob O'Toole: In that case, if a Department comes to the Public Appointments Service, PAS, and asks for an Irish specific role, we would tend to look at the Irish speaking panel first.

Deputy Éamon Ó Cuív: Dá gcuirfinn iarratas isteach sa státseirbhís, d’fhéadfainn a rá cén fáth go shéanfainn an Béarla atá agam, mar tá sé agam. Cén fáth nach gcuirfinn isteach ar an bpainéal dátheangach ina mbeinn dhá oiread níos fearr as mar ní bheinn ag ligean orm féin nach bhfuil Béarla agam? Bheinn an-úsáideach mar státseirbhíseach mar go mbeinn in ann plé a dhéanamh i mBéarla agus i nGaeilge. Ar an bpainéal eile, thabharfaí le fios nach bhfuil agam ach Gaeilge. Dá mba rud é go gcuirfinn isteach ar an bpainéal dátheangach agus nuair a thiocfadh PAS tharam chun post a thabhairt do dhuine a bhí ar an bpainéal Gaeilge amháin, nach mbeadh cás agamsa ina choinne a rá go ndearnadh éagóir orm mar dúradh gur painéal dátheangach é?

Táim á rá seo mar go bhfuil dúshlán mór againn. Táimid ag séanadh an buntáiste mór atá ag an gcainteoir Gaeilge mar go bhfuil Béarla aige nó aici. Ní cainteoirí Gaeilge amháin iad. Is cainteoirí dátheangacha iad siúd. Is dóigh liom go mbeadh sé an-deacair do dhuine óg meabhair a bhaint as seo. Mar sin, dá mbeinn ag breathnú air seo, chuirfinn isteach ar an bpainéal dátheangach, déarfainn ó tharla go bhfuil Gaeilge agus Béarla agam, chuirfinn isteach ar an bpainéal

dátheangach. Gheobhainn marcanna breise le hais a bheith aonteangach Gaeilge.

Chairman: Gabhaim buíochas leis an Teachta ach caithfimid bogadh ar aghaidhanois.

Mr. Rob O'Toole: Would you like me to reply?

Chairman: Yes, please.

Mr. Rob O'Toole: There are two points that need to be made here. One is, by offering both panels, we are giving more opportunities to Irish speakers. Also, in the English panel, people can sign up to be considered for Irish. In terms of the statistics provided, 2.3% of applicants said they had Irish proficiency. That has not been tested on those applications. We look to ensure we can meet the demand by having an Irish-only panel and by having an opportunity from the bilingual panel. Panels are there to meet demand. They also run over a certain timeframe. They are not always filled all of the time. Our first goal is to ensure we have people available for Irish language roles. It is quite a technical question that deserves more attention and I am very happy to come back to the committee with a written update afterwards.

Deputy Éamon Ó Cuív: Tá ceist dheireanach agam. Dúirt Rob O'Toole go bhfuil painéal dátheangach ann do dhaoine a bhfuil Gaeilge agus Béarla acu. Glacaim leis go bhfuil na scrúduithe go léir i mBéarla. Mar sin, tástálann PAS go maith go bhfuil Béarla acu, ach dúirt an finné nach ndéantar aon seiceáil ar Ghaeilge na n-iarrthóirí tar éis an phróisis sin uilig.

Mr. Rob O'Toole: No, that----

Deputy Éamon Ó Cuív: Ní thugtar aon tosaíocht dóibh agus is rud fánach dóibh a rá go raibh Gaeilge acu, fiú más cainteoirí dúchais Gaeilge iad. Chuirfi dallamullóg orthu go mbeadh aon aird á tabhairt ar an ráiteas a dhéanfadh siad go bhfuil Gaeilge acu mar nac bacann le PAS fail amach an bhfuil nó nach bhfuil siad líofa.

Mr. Rob O'Toole: I will clarify the point I was trying to make. Let us look at the application stage as one example. A total of 2.3% of applicants declared they were proficient. We obviously have to test that later in the application process to verify whether that is the case.

Deputy Éamon Ó Cuív: Sula gcuirtear ar an liosta iad – tá sé fiorthábhachtach go mbeidís soiléir----

Chairman: Táim ag iarraidh bogadh go dtí an Aodhán Mac Cormaic chun a freagra a thabhairt.

Deputy Éamon Ó Cuív: Sula gcuirtear na hiarrthóirí ar an liosta dátheangach, an bhfuil an tástáil sin déanta le cinntíú go bhfuil siad cáilithe i nGaeilge?

Mr. Rob O'Toole: Yes. However, the data I referred to came from the applications stage. I cannot say that the 2.3% of applicants would get through the competition and-or show their Irish proficiency. The reason we have an Irish-only competition is to ensure we are able to meet the demand for Irish roles.

Deputy Éamon Ó Cuív: Tá tú tar éis a rá go bhfuil an tástáil----

Chairman: A Theachta Ó Cuív, tá an Dr. Mac Cormaic ag iarraidh freagra a thabhairt.

Deputy Éamon Ó Cuív: Tá ceist amháin dheireanach agam. Táimid ag dul thart i gciorcal anseo agus ba mhaith liom an freagra ceart a fháil.

Chairman: Nílimid ag bogadh ar aghaidh. Níl an Dr. Mac Cormaic ach ag iarraidh cuidiú leis an bhfreagra seo mar go bhfuil sé gafa leis.

Deputy Éamon Ó Cuív: Dúirt Rob O'Toole dá mbeadh Gaeilgeoir ag teastáil ó PAS, go dtógfai é ón bpainéal Gaeilge amháin agus nach mbacfaí leis ag an gcéad duine eile ar an bpainéal, fiú má raibh sé tar éis táistil go raibh Gaeilge aige nó aici. Is í an fhadhb atá le sin ná nach mbeadh a fhios ag an té a chuir isteach ar an bpainéal dátheangach agus a bhí tar éis teist Ghaeilge a dhéanamh go raibh an rud caite ar leataobh go dtí go raibh gach duine tógha ón bpainéal eile.

Chairman: Tuigim a bhfuil á rá ag an Teachta. Glaoim ar an Dr. Mac Cormaic chun freagra a thabhairt.

Dr. Aodhán Mac Cormaic: Ba mhaith liom cur leis an méid a dúirt Rob O'Toole. Is féidir an iomarca béime a chur ar an gcóras atá ann faoi láthair. Mar is eol do na baill uilig atá anseo, tá an coiste comhairleach le bunú faoin mBille nua agus beidh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, PAS, muid fén, agus eagraíochtaí eile a earcaíonn daoine timpeall an bhoird sin. Beidh an coiste comhairleach in ann breathnú ar aon aimhréidh, má tá sí ann, agus ansin comhairle a thabhairt don Aire maidir leis sin chun díriú ar na deacrachtaí atá ardaithe agus chun iad a réiteach. Beidh ról láidir ag an gcoiste comhairleach.

Deputy Éamon Ó Cuív: Tá sé fiorthábhachtach, tar éis na mblianta seo, a thaispeáint go bhfuil an rud seo, mar a dúirt Aodhán Mac Cormaic, go hiomlán in aimhréidh dochreidte. Bhí duine i dteagmháil liomsa le gairid atá ar ceann de na bpainéal seo. Bhí sé an-deacair domsa meabhair a bhaint den chóras, agus tá taithí agam a bheith ag plé leis an státseirbhís.

Chairman: Tiocfaidh muid ar ais go dtí an cheist seo ag deireadh an chruinnithe más gá, mar tá Teachtaí eile ann le ceisteanna. Nílim chun bogadh ar aghaidh go hiomlán.

Senator Lorraine Clifford-Lee: Gabhaim buíochas as an gcur i láthair. Tá "Irish role" luate ag na finnéithe cúpla uair. Tá an Ghaeilge ag teastáil ó gach aon phost trasna an bhoird i ngach aon leibhéal. An aontaíonn na finnéithe leis sin?

Mr. David Cagney: When the Senator refers to it as being "needed", I think it is highly desirable but there are only specific particular roles that it would be absolutely needed for. It would be difficult to say that it is needed in all circumstances, if I understood the Senator's question correctly.

Senator Lorraine Clifford-Lee: Ní aontaím le David Cagney i ndáiríre. Tá Gaeilgeoirí ag teastáil i ngach aon leibhéal sa Státhóras. Cruthaíonn sé sin éileamh ar sheirbhísí agus níos mó seirbhísí a chur ar fáil. Má tá an dá theanga ag iarrthóirí, ba chóir dóibh marc níos airde a fháil agus iad a chur ar bharr gach aon liosta - i ngach aon chás agus do gach aon phost - chun ciintiú go bhfuil cainteoirí líofa i ngach aon leibhéal sa Státhóras. An aontaíonn na finnéithe leis sin?

Mr. David Cagney: No, I do not agree with that. As I understand it, the practice in the past of awarding in or around 10% worth of extra marks for successful applicants who could speak as Gaeilge was felt to be quite discredited in that it did not recognise competency in the wider sense and perhaps gave a bias to people who could speak Irish but who may not necessarily have been able to do the job. The sense now is that it would be important that people would actually be able to do the job. While I would not necessarily agree with the Senator that everybody should be proficient in Irish, it would be highly desirable that they would be, which is part of the aspiration in the Bill.

Senator Lorraine Clifford-Lee: An bhfuil aon rud breise ar intinn ag an Roinn chun daoine le Gaeilge a chur ar aghaidh chun poist a fháil sa chórás Stáit?

Mr. David Cagney: I do not quite follow the Senator's question. When the Senator mentions moving people, is she saying-----

Senator Lorraine Clifford-Lee: Is é sin chun promotions a chur ar fáil do dhaoine atá sa chórás faoi láthair chun poist níos airde a bhaint amach.

Mr. David Cagney: Would that be because of their capacity to speak in Irish?

Senator Lorraine Clifford-Lee: Yes.

Mr. David Cagney: No, I do not think we intend to go that particular route. There are opportunities for specific Irish language posts which may be promotional opportunities but it would not make sense to promote somebody or to create a competition for somebody simply because they speak Irish. It would not be to the benefit of what we are trying to achieve in the Bill if we took that particular approach.

Senator Lorraine Clifford-Lee: Conas a dhéantar cinneadh ar riachtanais Ghaeilge ag ról sa státseirbhís nó gan riachtanais Ghaeilge a bheith ann ag róil áirithe?

Mr. David Cagney: I can only speak for the Civil Service but the Irish language positions are determined by the offices or Departments themselves. It is not a matter for my organisation to decide which posts should or should not be an Irish language post. That demand then translates into a request to the Public Appointed Service, as my colleague Mr. O'Toole pointed out, to recruit people for specific Irish language positions.

Senator Lorraine Clifford-Lee: Tá dúshlán mó� ann mar tá na figiúirí sin an-íseal. An bhfuil an Roinn ag dul isteach sna ollscoileanna ag iarraidh daoine le Gaeilge a mhealladh isteach chun cur isteach ar phoist sa chórás poiblí nó an bhfuil an Roinn ag cur na féidearthachtaí in iúl dóibh siúd?

Mr. David Cagney: The Senator has raised a wider question and it is directly relevant to the specific question she has asked. We absolutely accept that the pool coming through is far too low, which is essentially our main challenge. It is not that there is no opportunities as there clearly are. From a wider Civil Service point of view we need to be speaking to potential aspirants to Civil Service careers at the decision points in their journey. Clearly, that is people who are coming up to do their leaving certificate and to qualify in college. Even from the point of view of recruiting the kind of skills that the Civil Service is going to need, we need to be targeting those cadres anyway at those particular points in their decision-making process. That also affords us the opportunity in the context of what career opportunities may be available to indicate what those possibilities in Irish language posts are or posts in which we would welcome people who can converse in the Irish language. That will be part of a strategy we will be deploying in consultation with the Public Appointment Service which is in turn part of the Civil Service ten-year renewal plan.

I cannot speak specifically for what is happening in education but my colleague, Dr. Mac Cormaic can. My understanding is that there is some thinking within the educational system about aligning the teaching of Irish with the accepted standardisation for the speaking of foreign languages which would seem to us to make a lot of sense in terms of our ability to recruit people with that level of proficiency to the Civil Service. This is assuming, of course, that we

can convince people as we speak to them at the decision points in their careers about those opportunities.

Senator Lorraine Clifford-Lee: Ach níl-----

Chairman: Níl an t-am againn. Tá an Dr. Mac Cormaic ag iarraidh teacht ar ais chomh maith.

Senator Lorraine Clifford-Lee: Más féidir liom pointe beag amháin eile a dhéanamh, níl aon phlean faoi láthair chun dul isteach sna Gaelcholáistí nó sna hollscoileanna timpeall na tíre chun na féidearthachtaí a chur in iúl, an bhfuil?

Mr. David Cagney: We do that.

Senator Lorraine Clifford-Lee: Ag díriú isteach ar na féidearthacht atá ann sa chóras Stáit a bhaineann le Gaeilge ach go háirithe atá i gceist agam.

Mr. David Cagney: We do that in the round but it is very difficult to talk to somebody about opportunities in the Civil Service where the demand for those posts, never mind the throughput, is quite low. We speak to schools and colleges and target those communities through the media, Raidió na Gaeltachta, Irish language newspapers etc.

Senator Lorraine Clifford-Lee: Caithfidh an Roinn an t-éileamh sin a chruthú, más féidir liom é sin a rá, agus díriú isteach mar tá na figiúirí sin an-íseal. Tá dúshlán ollmhór ann agus caithfidh an Roinn díriú isteach agus plean suntasach a chur ar bun atá dírithe isteach ar an teanga. An aontaíonn an tUasal Cagney leis an méid sin?

Mr. David Cagney: Absolutely and as I indicated, the Civil Service is now in the process of developing an action plan to support its next ten-year renewal strategy. A key component of that action plan is the recognition of the targets that will be set out in this Bill, assuming it is passed, which I have no doubt it will be. In the manner of the Civil Service renewal process, Civil Service Renewal 2030, the expectation is that cross-Department and cross-office there will be an action plan which will identify where the key levers are in creating that awareness and desire that the Senator has just referred to. Clearly, as I said earlier, the aim is to then target people at decision points in their careers.

The other thing, taking on board the Senator's point, is that we have in a sense a captive audience of 41,000 civil servants. The indication is that from looking at the take-up of opportunities in our OneLearning Civil Service training initiative, there seems to be an increasing desire on the part of civil servants for their own developmental purposes to pursue learning and training in the Irish language. There are therefore a number of opportunities which we hope to leverage in the context of our ten-year plan.

Senator Lorraine Clifford-Lee: Ar an bpóinte sin, céard atá déanta le húsáid na Gaeilge a spreagadh i measc foirne do Roinne féin? Mar is eol do chách, mura mbaintear úsáid as teanga, caillfear í.

Mr. David Cagney: I am aware of informal networks within the Department where people who enjoy conversing in Irish with colleagues do so. Formally, the Department has no structure in place in that regard. Looking again at the wider diversity challenge in the Civil Service and indeed in the public service, that is again a key call-out in our Civil Service Renewal 2030 strategy. We will certainly be seeing to how we can leverage that desire on the part of people

again to create and support networks which will obviously include people who would wish to converse as Gaeilge, even if it is just socially in the course of their work.

Returning to the target issue which is very much the focus of our thinking, no one solution is going to solve this particular issue. There needs to be a multiple range of initiatives in order to achieve this quite challenging target.

Chairman: Sula gcuirfear ceist eile isteach, bhí an Dr. Mac Cormaic ag iarraidh teacht isteach.

Dr. Aodhán Mac Cormaic: Cuirfidh mé leis an méid atá ráite ag mo chomhghleacaí. Tá plean náisiúnta aitheanta agus tá foráil i mBille na dTeangacha Oifigiúla nua faoi, chun plean náisiúnta a fhorbairt. Beidh an coiste comhairleach atá le bunú ag aithint na bpost agus na n-áiteanna a bhfuil na tosaíochtaí i dtaobh poist a lónadh le daoine le Gaeilge trasna an chórais Stáit, sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí. Beidh béim mhór curtha ar an nGaeltacht ansin agus ar aon áit a bhfuil bearnaí ann agus beidh straitéisí leagtha amach chun na bearnaí sin a lónadh. Tá sé tábhachtach a aithint gurb é sin an cur chuige nua a bheidh ann agus beidh an coiste comhairleach agus an dá Roinn ag obair i gcomhar leis na comhlacthaí poiblí éagsúla atá ann le haghaidh an phlean náisiúnta sin a chur i dtoll a chéile.

Mar a dúirt an tUasal Cagney, tá sé ráite go sonrach i straitéis athnuachan na státseirbhíse go gcuirfear an plean sin i bhfeidhm. Foilsíodh an plean sin thart ar mhí ó shin. Is cur chuige an-dearfa don todhchaí é sin.

I dtaobh a bheith ag dul isteach sna scoileanna, tá conradh againne le Conradh na Gaeilge le roinnt mhaith bliantaanois. Cuireann siad Seó Bóthair isteach sna scoileanna dara leibhéal, sna coláistí samhraidh agus sna hollscoileanna le cur ar súile na ndaoine óga na deiseanna atá ann chun poist a fháil sa tseirbhís phoiblí.

Ceithre nó cúig bliana ó shin rinne an tAontas Eorpach cinneadh deireadh a chur leis an maolú ar úsáid na Gaeilge san Aontas ag deireadh na bliana seo. Bhíomar ag cur níos mó béime ar na poist san Eoraip leis an seó bhóthair sin, ach mar is eol don chomhchoiste, d'eisigh an Coimisiún Eorpach thart ar thrí seachtaine ó shin tuarascáil á rá nach raibh aon bhac le deireadh a chur leis an maolú ag deireadh na bliana seo. Ciallaíonn sé sin go bhfuil an sprioc sin bainte amach ag úsáid, mar a dúirt David Cagney, go leor straitéisí. Níor réitiomar an fhadhb sin le haon rud amháin agus bhí go leor straitéisí á n-úsáid againn ansin. Is é ceann de na rudaí a d'úsáideamar ansin ná an seó bóthair atá ag Conradh na Gaeilge. B'fhéidir go mbeimid ag athrú an bhéim anois sa straitéis maidir leis an sprioc atá sa Bhille le haghaidh 20% d'earcaithe nua a bheith ina gcainteoirí Gaeilge agus go gcuirfimid níos mó béime ar an tseirbhís phoiblí sa bhaile seachas an tseirbhís phoiblí san Eoraip.

Tugann an 20% sin teachtaireacht láidir, rud nach raibh ann cheana féin, go bhfuilimid in ann dul isteach agus cur leis an rud atá á dhéanamh ag Conradh na Gaeilge sna blianta amach romhainn, an teachtaireacht a thabhairt do na scoileanna agus do na hollscoileanna agus, fiú amháin, ag leibhéal eile, go mbeimid ag obair lena leithéid Tuismitheoirí na Gaeltachta a dhéanann obair leis na teaghlaigh Gháeltachta atá ag iarraidh a gclanna a thógáil le Gaeilge.

Nuir atá cinneadh á dhéanamh ag tuismitheoirí faoi cén teanga a bhfuil siad lena húsáid lena gcuid gasúr a thógáil, tuigfidh siad an buntáiste eacnamaíoch atá ansin ón teanga agus go bhfuil na deiseanna fostáiochta anseo. Bíonn tuismitheoirí uile an-fhadradharcach agus iad ag breathnú amach ar na deiseanna is fearr dá gcuid páistí. Is é sin an t-am lena aghaidh sin agus

bheinn ag súil in imeacht na mblianta go bhfeicfimid méadú ar lion na ndaoine atá ag iarraidh an teanga a thabhairt ar aghaidh dá gcuid gasúr féin agus na deiseanna sin a chruthú dóibh.Luaigh David Cagney é seo. Is straitéis fhadtéarmach é seo. Caithfimid tosú ag aois an-óg agus le tuismitheoirí óga. Is iad sin na daoine atá díreach ag tosú amach lena gcuid clanna. Caithfimid díriú isteach ar na céimeanna eile freisin agus úsáid a bhaint as na straitéisí éagsúla a d'úsáideamar le cúig bliana anuas le freastal ar dheireadh an mhaolaithe ar úsáid na Gaeilge san Aontas Eorpach.

Senator Lorraine Clifford-Lee: Gabhaim buíochas as an eolas sin.

Deputy Catherine Connolly: Fáiltím roimh David Cagney agus Rob O'Toole, agus fearaim fáilte ar ais roimh an Dr. Aodhán Mac Cormaic. Fearaim míle fáilte roimh Eva Ní Shuilleabán agus mo bhuíochas di as an bpriomhráiteas a léamh amach i nGaeilge. Gabhaim buíochas freisin as a n-obair agus an cháipeisíocht a bheith curtha ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla agus tá sé léite agam.

Ní raibh mé ró-shásta nuair a fuair mé amach go raibh cruinniú inniu ach, in ainneoin sin agus na mothúchán a bhí agam, tá sé thar a bheith suimiúil, i ndáiríre. Tá na hionadaithe atá os ár gcomhair ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ón Roinn is tábhactaí ó thaobh na Gaeilge de, agus ní hí sin Roinn an Dr. Mac Cormaic, cé go bhfuil sí sin tábhachtach freisin. Tá an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfad níos tábhactaí do shaol na Gaeilge ó thaobh tuisceana, acmhainní agus airgead a chur ar fáil. Ní airgead amháin ach tá an tuiscint ag teastáil freisin.

Ta rud beag in easnamh, is dócha, anseo. Dealraítear dom go bhfuil na finnéithe ag maíomh nach bhfuil líon na státseirbhíseach ró-dhona, i ndáiríre, nuair a chuirtear i gcomhthéacs leis an méid daoine a labhraíonn an Ghaeilge tríd an tír. B'fhéidir go bhfuil míthuiscint ann. Fillim ar an gCoimisinéir Teanga in 2018 nuair a chuir sé in iúl chomh híseal is a bhí lion na státseirbhíseach le Gaeilge. Tá na hionadaithe anseo ag teacht ar ais agus ag rá linn nach bhfuil sé ró-dhona i ndáiríre nuair a chuirtear i gcomhthéacs é nuair a luaitear 2.62% ar leathanach 11. Cuirfidh mé go simplí é mar táim ag dul timpeall i gciorcaill anseo. Tá an méid sin cloiste agam is go bhfuil mearbhalla orm anois ach an nglacann na hionadaithe Roinne i dtús báire go bhfuil géarchéim ann ó thaobh cúrsaí fostáiochta agus na Gaeilge de in ainneoin gurb í an teanga náisiúnta agus an chéad teanga atá againn? Tosóidh me leis an gceist sin.

Mr. David Cagney: Clearly, the Government acknowledges the need to achieve the targets set out in the Bill and the aspirations it sets out in the programme for Government, as, obviously, does the Civil Service in support of that, by incorporating this as a key component of the next renewal plan.

Deputy Catherine Connolly: Ní aspirations nó uaillmhianta atá i gceist anseo. Tá dual-gais dhlíthiúla i gceist ó thaobh Acht na dTeangacha Oifigiúla agus an tAcht níos láidre atá le teacht. Níor chuala mé focal faoi chearta nó faoin dualgas atá ar an Roinn ó thaobh na teanga de. Ní ag caint faoi aspirations atáim ar an gcéad dul síos.

I Roinn David Cagney féin, níl aon phost ainmnithe ach tá sé ráite ag ionadaithe na Roinne anseo go bhfuil ar a laghad seachtar ar leibhéal deonach ann chun cabhair a thabhairt di. An bhfuil aon duine anseo leis an Roinn inniu ar chomh-leibhéal a bheadh in ann labhairt linn trí Ghaeilge as an seachtar sin?

Mr. David Cagney: No, there is not.

Deputy Catherine Connolly: Ar leithligh, is féidir le comhghleacaithe iad féin a aithint go deonach go bhfuil siad féin líofa sa Ghaeilge. Cé mhéad duine a bhfuil tar éis a chur in iúl don Roinn go bhfuil siad sásta teacht chun tosaigh chun cabhair a thabhairt don Roinn, sa bhereis ar an seachtar eile?

Mr. David Cagney: I do not have a specific number on that. We have seven individuals-----

Deputy Catherine Connolly: Cén fáth nach bhfuil sé sin aige? Tá a fhios agam go bhfuil seachtar ráite agus tá sé sin léite agam. Tosaíonn an abairt sa cháipéis chúlra, “Ar leithligh, is féidir le comhghleacaithe iad féin a aithint go deonach go bhfuil siad líofa sa Ghaeilge in eolaire foirne [na Roinne] ... Cuidíonn sé sin lenár Lasc-chlár glaonna a chur an mbealach cuí.” Cé mhéad duine atá tagtha chun cinn faoin gcóras sin?

Mr. David Cagney: With respect, I do not understand the Deputy's question.

Deputy Catherine Connolly: Is é seo ráiteas tosaigh an Roinne, agus ar leathanach 2 tá an abairt “is féidir le comhghleacaí iad féin a aithint go deonach go bhfuil siad líofa sa Ghaeilge”. Cé mhéad den fhoireann atá tagtha chun tosaigh?

Mr. David Cagney: I do not have that number to hand.

Deputy Catherine Connolly: B’fhéidir go mbeidh David Cagney in ann teacht ar ais chugainn leis an bhfigiúr sin, lena thoil.

Ag filleadh ar an gCoimisinéir Teanga agus ar an tuarascáil a foilsíodh cúpla bliain ó shin agus atá luate ag an Roinn, ar leathanach 4, ní den ráiteas tosaigh, gabh mo leithscéal, ach den dhoiciméad cúlra a thug an Roinn don chomhchoiste mar chúlra ar gach rud agus atá thar a bheith cabhrach dúinn, déanann an Roinn tagairt don Choimisinéir Teanga, na figiúirí, an tuarascáil a foilsíodh i mí Iúil 2019 agus don líon beag státseirbhíseach a bhí ábalta nó líofa i nGaeilge. Deir an doiciméad, “Nil aon chúis agam a chreidiúint go n-athródh sé seo go mór dá méadófaí méid na samplaí.” Dhírig an coimisinéir ar shampla agus tá David Cagney ag rá go n-aontaíonn sé leis. Níos measa ná sin fós, deir sé, “Nil aon chúis agam a chreidiúint go n-athródh sé seo go mór dá méadófaí méid na samplaí.” Foilsíodh an tuarascáil seo in 2019. Cad atá déanta ó shin maidir le torthaí na tuarascála sin?

Mr. David Cagney: Is that question for me?

Deputy Catherine Connolly: Tá an cheist seo do cibé duine atá in ann í a fhreagairt.

Mr. David Cagney: Can Dr. Mac Cormaic deal with this question, please?

Dr. Aodhán Mac Cormaic: Táim breá a sásta an ceann sin a thógáil.

Deputy Catherine Connolly: Le cead an Dr. Mac Cormaic, ní dóigh liom go bhfuil sé sa Roinn seo. Táim sásta éisteacht leis gach lá, agus beidh mé, ach tá an cheist seo thírithe ar an Roinn mar a luadh an méid seo sa ráiteas cúlra.

Dr. Aodhán Mac Cormaic: Le cead an Teachta Connolly, tá an dá Roinn ag obair le chéile ar an rud seo. Mar is eol don chomhchoiste, tá Bille na dTeangacha Oifigiúla nua le tabhairt isteach agus tá dul chun cinn mór déanta. Táimid ag súil go mbeidh sé sin achtaithe roimh dheireadh na bliana agus túis curtha le ré nua. Tá go leor déanta ó shin. B’fhéidir nach bhfuil sé le feiceáil ar an talamh go fóill ach i dtaoibh reachtaíochta agus polasaithe de, tá go leor déanta.

Deputy Catherine Connolly: Gabh mo leithscéal ach ní fheicim aon fhianaise go bhfuil. Foilsíodh an tuarascáil leis na torthaí tromchúiseacha atá ann agus tá ceist á gcur orm. Tuigim go bhfuil neart rudaí beartaithe cosúil leis an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge agus an Plean Gníomhaíochta 2018-2022 ach b'fhéidir nach mbeidh a dhóthain ama againn dul isteach sna rudaí sin. Ar rith sé leis an Roinn go raibh géarchéim i gceist nuair a foilsíodh an tuarascáil sin agus má rith, cad a rinne an Roinn ó thaobh oiliúint a chur ar an bhfoireann uile ó thaobh thábhacht na Gaeilge, líofach sa Ghaeilge agus daoine a mhealladh, ag dul ar ais go dtí an ceist an tSeanadóra Clifford-Lee?

Mr. David Cagney: OneLearning, the new Irish Civil Service Learning and Development Centre function, is promoting the opportunity for civil servants to learn Irish. This is not necessarily to do with their career etc. although it clearly would help, but it is to encourage them to speak Irish. The indications are that the take-up of that opportunity over recent years is increasing. This would seem to suggest to us that there is a desire on the part of civil servants across the board to speak the language. One of the key things that we need to do in our strategy is to discover how to leverage that. One of the challenges that we have, as I set out in the statement, is that there is a nervousness on the part of the civil servants who have a fluency in Irish that if they put their hand up and ask for that to be recognised, they end up in a situation where they become the go-to person for every Irish language query in a Department. If that image is very much to the fore it will not encourage people to come forward so we have to break down that particular culture also. The fact that take-up is occurring in OneLearning, notwithstanding that concern, is a pretty positive situation.

Deputy Catherine Connolly: Táim ag streachailt chun rud dearfach a tharraingt as an méid sin. Tuigim go bhfuil neart Gaeilge ag a lán státseirbhíseach. Mo bhúiochas don Uasal Cagney gur luaigh sé é sin anseo. Ach tá sé ráite aige gurbh é an drogall atá ar státseirbhísigh teacht chun tosaigh ná an droch-thaithí a bhí acu ar scoil. Cinnte, bhí droch-thaithí ag a lán againn ach ní dóigh liom gurbh é sin an dúshlán is móanois atá ag na daoine sin. Ceapaim gurbh é an dúshlán don Roinn ná na daoine a mhealladh agus brabús – drochfhocal é sin, i ndáiríre – nó bealach dearfach a chruthú chun iad a mhealladh ionas gur fiú é sin a dhéanamh.

Ag dul ar ais go dtí na ceisteanna a chuir an Teachta Ó Cuív, ní dóigh liom go bhfuil freagra sásúil cloiste agam agus d'éist mé go géar. I ndáiríre, bhí mearbhalla orm mar tá sé ráite i ráiteas tosaigh na Roinne freisin go bhfuil buntáiste faoi leith ag daoine le Gaeilge. Is maith an rud é sin ach níl na torthaí le feiceáil agus ní raibh aon soiléireacht sna freagraí a chuala mise ar na ceisteanna a chuir an Teachta Ó Cuív. B'fhéidir go mbeidh na hionadaithe in ann teacht ar ais anois, nó freagraí a bheith scríofa i litir, agus na buntáistí agus na figiúirí a léiriú atá bunaithe ar an mbuntáiste sin atá ag daoine atá ag lorg-----

Mr. David Cagney: My colleague indicated that we would do that. The Deputy's question is to show us the benefits - statistically I am interpreting - of that approach.

As I said to the Deputy earlier, on the 20% aspiration, we see that there is a short-term, medium-term and long-term approach. We have talked about the long-term approach regarding education. Since I appeared before this committee under the chairmanship of the Deputy we have put in place a number of initiatives as to how we advertise, communicate and, obviously, deal with the competition process. We are not getting the numbers so we need to go back and look at that again. My concern based on all of the evidence and some of the research that is available to me is that it is the pipeline coming through that is the main issue and not the competition status although I absolutely accept that we should look at everything, including the competition status and the suggestions made by Deputy Ó Cuív.

Deputy Catherine Connolly: B'fhéidir gurbh é sin cuid den réiteach agus tá neart taithí ag an Dr. Mac Cormaic ó thaobh cúrsaí san Eoraip agus an méid foirne a bhí ag teastáil ann. Tá gá le deiseanna a thabhairt do dhaoine laistigh den Roinn, áfach, atá i bhfad níos éasca dóibh agus go bhfuil tairbhe agus fónamh ag baint leis sin.

Críochnóidh mé mo chuid cainte agus gabhaim buíochas leis an gCathaoirleach. D'fhoilsigh an t-iarAire Stáit, an Teachta McHugh, an Plean Gníomhaíochta 2018-2022 in 2018 agus tá sé i láthair anseo ar an gcomhchoiste. Tá an réimse gníomhartha atá anseo an-ghearr, ar leathanach 77, áit a luaitear “Riarachán, Seirbhísí agus Pobal” agus tá dhá rud i gceist leis ansin. I dtosach deir sé in 2018 gur le hachtú Bhille na dTeangacha Oifigiúla go ndíreoidh na Ranna uile isteach ar an gcóras nua, is é sin na caighdeáin seachas na scéimeanna teanga. Níos tábhachtaí fós, deirtear:

Déanfar taighde a choimisiúnú chun na tosaíochtaí d'earcú cainteoirí Gaeilge a shainiú, mar aon leis na tosaíochtaí do sholáthar seirbhísí as Gaeilge. Déanfar na bealaí is éifeachtaí a fhiosrú ...

Bhí sé anseo mar ghníomh in 2018. An bhfuil a fhios ag aon duine an bhfuil an gníomh sin comhlíonta agus an bhfuil an tuarascáil agus an taighde sin déanta?

Dr. Aodhán Mac Cormaic: Mar is eol don Teachta, ba é ceann de na cúramí a bheidh ag an gcoiste comhairleach atá luaite sa Bhille nua ná tionscadal mór taighde a dhéanamh agus beidh an plean náisiúnta a bheidh le foilsíú i gceann dhá bhliain bunaithe ar an taighde sin. Beidh an obair sin uile déanta agus na bearnaí agus na straitéisí aitheanta sa tionscadal sin.

Deputy Catherine Connolly: Tá a fhios agam é sin agus d'fhreastail mé ar na cruinnithe uile maidir leis an mBille ach níor bhain sé seo leis an mBille. Bhí sé seo mar chuspóir agus mar ghníomh don Plean Gníomhaíochta 2018-2022.

Dr. Aodhán Mac Cormaic: Cheap mé gur luaih an Teachta gur le hachtú an Bhille-----

Deputy Catherine Connolly: Bhí dhá rud i gceist ach anois tá sé curtha arís sa todhchaí agus ar an méar fhada. Muidne anseo a chuir brú ar an gcóras maidir le sprioc-am agus sprioc-dháta a chur isteach. Ag an túis dúirt mé go raibh sé deacair muinín a bheith againn, ach buíochas le Dia, d'éirigh an córas agus beidh Bille níos láidre anois ann.

Dr. Aodhán Mac Cormaic: Is faoi sin a bheidh an taighde i gceist atá luaite go sonrach leis an-----

Deputy Catherine Connolly: Ní hé sin an taighde a bhí gceist leis an gníomh-----

Dr. Aodhán Mac Cormaic: Is é sin a bhí i gceist ansin.

Deputy Catherine Connolly: Gabhaim buíochas leis an gCathaoirleach.

Deputy Marc Ó Cathasaigh: Gabhaim buíochas leis an gCathaoirleach agus lenár n-aíonna as a n-aighneacht agus a gcur i láthair. I dtús báire aontaím leis an Teachta Ó Cuív maidir leis na hainmneacha atá ar an na painéil, is é sin an painéal dátheangach sin agus painéal Gaeilge agus tá sé sin mícheart. Tá painéal Béarla agus painéal dátheangach ann agus caithfimid é sin a admháil i dtús báire.

Caithfimid a admháil freisin go bhfuil baol ann do dhaoine a théann isteach sa státseirbhís a bhfuil Gaeilge acu ó thaobh pigeonholing. B'fhéidir go bhfuil Gaeilge ag duine ag teacht

isteach sa chórás Stáit ach nach maith leis nó léi a bheith ag obair i bpost Gaeilge, mar a déarfá. B'fhéidir gur fearr leo post áirithe eile a bheith acu ach a bheith in ann é a dhéanamh trí mheán an Bhéarla agus na Gaeilge.

Tá an t-ábhar pléite go maith againn ar an Roghchoiste le linn dúinn plé a dhéanamh ar Bhille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) ach is í an cheist lárnach atá agam agus muidne ag bogadh ar aghaidh ná céard is inniúlacht nó líofacht ann, i ndáiríre. Mar a luadh sa chur i láthair, bhí 2.62% den líon daoine a dúirt go raibh líofacht acu. San abairt atá i gceist agam, is é “tugadh le fios go bhfuil líon na státseirbhísigh a luaidh go bhfuil líofacht acu” atá scríofa. Tá sé níos soiléire fós sa leagan Béarla ina n-úsáidtear an téarmaíocht “indicated that the number of civil servants declaring themselves to be competent in Irish was low”. Céard is inniúlacht ann? Céard is líofacht ann? Dá gcuirfí an cheist sin orm, an bhfuil mé líofa, déarfainn go bhféad-fainn cúrsai aimsire a phlé ach bheinn amhrasach an bhféadfaínn filíocht an 17ú haois a léamh gan m’fhoclóir a bheith i mo thaobh agam. Céard is inniúlacht ann? Cén leibhéal Gaeilge atá ag teastáil ó thaobh post áirithe? Má táimid chun an sprioc uaiillmhanach sin de 20% maidir le hearcú daoine le Gaeilge a bhaint amach, caithfimid a rá go díreach céard is inniúlacht ann.

Maidir leis an bhfigiúr sin, 2.62% de na daoine a d’fhreagair an cheist, tá an ardteistiméireacht bainte amach ag beagnach gach duine de na daoine sin. B’fhéidir go bhfuil ardteistiméireacht sa Ghaeilge bainte amach ag 95% de na daoine sin so cén fáth go bhfuil siad ag rá nach bhfuil siad in ann an Ghaolainn a labhairt ná aon jab ar bith a dhéanamh trí mheán na Gaeilge laistigh den státhóras? Mar a dúirt mé, tá sé pléite againn ag an roghchoiste go gcaithfimid rud éigin ar nós na creatlacha comóntha Eorpaí a thabhairt isteach. Ansin, beidh daoine in ann a rá go bhfuil siad ar leibhéal B1, B2 nó C1. Caithfimid torthaí na hardteistiméireachta a chur ar cibé creatlach a úsáidfimid. Tá an chreatlach chomóntha ann cheana. Caithfidh go mbeidh a fhios ag daoine a bhfuil an ardteistiméireacht déanta acu gurb ionann grád áirithe ag leibhéal áirithe - H1 ag an ardleibhéal mar shampla - agus leibhéal áirithe ag an gcreatlach - B1, B2, C1 nó mar sin. Dá ndéanfaí é sin, bheadh daoine in ann freagra ceart a thabhairt ar an gceist an bhfuil líofacht nó inniúlacht acu sa Ghaeilge. An bhfuil aon phlean ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe nó ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán an creathair sin a thabhairt isteach don státseirbhís i gcoitinne ionas go mbeimid in ann a rá céard is líofacht nó inniúlacht ann?

Mr. David Cagney: Perhaps Dr. Mac Cormaic can come in on the discussions and on where we are with the Department of Education. I cannot speak for that Department. The Deputy made a point on proficiency. Level B2 on the common European reference framework for languages is the most widely cited standard for demonstrating basic proficiency in any language in a professional context. It is also the level which the Public Appointments Service requires for general posts in the Civil Service. I believe the question the Deputy is raising is that, given that people are stating they do not feel proficient despite having come out of secondary school in recent years with perhaps even an honours qualification, could the leaving certificate incorporate the European framework levels, allowing future civil servants to recognise their own proficiency? I am not certain where the Department of Education is in that regard.

Dr. Aodhán Mac Cormaic: Táimse in ann teacht isteach air sin. Táimid ag caint leis an Roinn Oideachais faoi láthair faoi sin agus rudaí eile. Tá go leor caite ag an Roinn seo i leith na creatlacha sin a fhorbairt sa nGaeilge. Táimid ag ioc os cionn €130,000 in aghaidh na bliana le hOllscoil Mhá Nuad le os cionn deich mbliana le haghaidh na creatlacha sin a fhorbairt agus a chothú. Tá infheistíocht mhór déanta ag an Stát sa gcreatlach sin. Is é an rud faoina bhfuilimíod ag caint leis an Roinn Oideachais, agus arís níl aon chinneadh faoi seo déanta go

fóill, ná go mbeadh an chreatlach sin le húsáid ag an idirbhliain mar thús agus go mbeadh sé istigh sa gcóras go mbeadh daltaí idirbhliana in ann an scrúdú don Teastas Eorpach na Gaeilge, TEG, a dhéanamh. Ansin, bheadh siad istigh sa gcóras, mar a déarfá. Ansin, féadfaí rud eile a dhéanamh ag an leibhéal sinsearach den oideachas Stáit dara leibhéal. Arís, táimid ag caint leis an Roinn Oideachais faoi láthair. Tá go leor mionsonraí faoi sin le hoibriú amach go fóill. Níor mhaith liom a rá go bhfuil sé aontaithe go ndéanfar é sin. Tá na cainteanna fós ag dul ar aghaidh. Mar is eol don Teachta, tá sé istigh sa Bhille teanga go mbeidh an chreatlach Eorpach in úsáid. Is é sin an fáth go bhfuil muid ag iarraidh dul sa treo sin. Mar a dúirt an Teachta fén ó thaobh daoine ag rá go bhfuil Gaeilge acu ach gan a rá cén leibhéal Gaeilge atá i gceist acu, táimid ag iarraidh rud éicint eolaíoch a úsáid. Is é an bealach is fearr le hé sin a dhéanamh ná tríd an gcreatlach Eorpach. Tá sé eolaíoch agus seasann sé suas d'aon saghas scrúdú a chuirtear air.

Deputy Marc Ó Cathasaigh: Mar is eol do na finnéithe, má tá leibhéal B2 ag daoine - agus is é sin an leibhéal faoina bhfuilimíodh ag caint - is amhlaidh go mbeadh siad in ann labhairt le duine ar an teileafón, ach an mbeadh siad in ann dlíthe a scríobh? Déarfainn nach mbeadh. Tá an scrúdú TEG bunaithe go mór ar an gcreatlach comóntha Eorpach um theangacha.

Dr. Aodhán Mac Cormaic: Is an leagan Gaeilge den chreatlach Eorpach é.

Deputy Marc Ó Cathasaigh: Cuirfidh mé smaoineamh eile os comhair an choiste. Tá sé pléite agam ag an gComhchoiste um Choimirce Shóisialach, Forbairt Pobail agus Tuaithe agus na hOileáin. Táim i gcónaí ag caint faoi policy coherence. Tá deis againn maidir le ceithre rud atá lúaithe ag an Rialtas mar aidhmeanna ginearálta: líon na ndaoine a úsáideann an Ghaeilge go laethúil laistigh den Ghaeltacht a mhéadú; fostáiocht a chruthú i gceantair Ghaeltachta; spriocanna earcaíochta ó thaobh inniúlacht Ghaeilge sa Státseirbhís a bhaint amach; agus díláirú an státhórais agus líon na ndaoine atá ag obair ó chian, nó remote working, a mhéadú. Tá féidearthacht ann faoi láthair. Is am na cinniúna é seo maidir le straitéis cosúil leis seo. An bhfuil an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sásta breathnú ar an bhféidearthacht atá ann faoi láthair le dul chun cinn suntasach ó thaobh obair ó chian, nó remote working? B'fhéidir go mbeadh ann ná daoine le Gaeilge a mhealladh isteach sa státseirbhís agus go mbeadh siad in ann fanacht sa Ghaeltacht. B'fhéidir go mbeadh na cúpla láriónad a chruthú do dhaoine atá ag obair laistigh den státhóras ionas gur féidir leo a bheith lonnaithe sa Ghaeltacht. B'fhéidir go bhfuil an smaoineamh seo lasmuigh den ábhar atá á phlé inniu ach, mar a dúirt mé, ba mhaith liom an smaoineamh seo a chur os comhair na bhfinneáithe ar aon nós. An bhfuil an Roinn sásta féachaint ar smaoineamh cosúil leis seo sa todhchaí?

Mr. David Cagney: The answer is “Yes”. The Deputies and Senators will be aware of the recent Government decision to encourage strongly the take-up of blended working across the Civil Service and public service. My Department is leading the negotiations on that with the relevant social partners. Without going into the detail of those discussions, which are due to commence formally next week subject to a couple of governance issues being resolved, the approach that is likely to be taken is to allow individual Departments and offices to determine their own approach to blended working. We will not be prescribing what it should look like in various offices. A number of organisations have asked if we have an issue with Irish speakers working from home. Subject to the organisational requirements of the Departments, we do not. We will be actively encouraging Departments to devise arrangements that suit their business models. If there is a challenge associated with hiring people who are proficient in Irish which relates to location or the cost of living in the city, blended working would seem a very appropriate option. The Deputy also made reference to hubs. That is not on our immediate agenda.

There does not appear to be any immediate need for that within the Civil Service but that situation could change as we roll out blended working arrangements, which it is intended to do over the course of autumn, winter and the first quarter of next year.

Dr. Aodhán Mac Cormaic: Le cur le ceist na mol digiteach, tá an t-infraestructúr ann. Tá Údarás na Gaeltachta ag forbairt infraestructúir agus gréasáin de mhoil dhigiteacha trí Gteic faoi láthair. Bhí mé i gceann thusa i nGaoth Dobhair thart ar mhí ó shin. Is mol state-of-the-art as an nua é. Bhí mé ar cheann i mBéal an Mhuirthead leis an Aire Stáit, an Teachta Chambers, an lá cheana. Tá siad ag dul isteach agus á bhforbairt chuile áit timpeall na Gaeltachta agus ar na hoileáin. Is deis iontach é sin. Má thagann an t-eileamh, tá an t-infraestructúr á thógáil ag Údarás na Gaeltachta.

Deputy Joe McHugh: Cuirim fáilte roimh na hoifigigh. Is cruinniú tábhachtach é seo. Tugaim aitheantas don Chathaoirleach as é a eagrú. Is léir go mbeidh an státhóras ag obair leis an Roinn atá freagrach as an nGaeltacht agus leis an Roinn Oideachais. Tá sé sin iontach dearfach. Tá cúpla ceist agam. Maidir leis an bhearna atá ann ó thaobh soláthair, níl daoine ag iarraidh na poist le Gaeilge. Tá fadhb ann leis sin. Cuirfidh mé ceist ar an Dr. Mac Cormaic i dtús báire. Baineann sé leis an churaclam. Bhí sé ag caint faoin idirbhliain. Tá an comhrá tosaithe. Tá sé sin tábhachtach agus suntasach. Chomh maith leis sin, muna bhfuil na daoine ann, beidh fadhb san fhadtéarma festa. An bhfuil athrú de dhíth maidir leis na réamhscoileanna, na bunscoileanna nó na meánscoileanna? Is léir go bhfuil na meánscoileanna, na bunscoileanna agus na réamhscoileanna sna Gaeltachtaí ag obair agus ag bogadh ar aghaidh leis an tumoideachas maraon leis na Gaelscoileanna agus Gaelcholáistí taobh amuigh den Ghaeltacht. Tá achan rud i gceart. Tá rath agus torthaí le feiceáil as sin. Baineann an fhadhb is mó leis na scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Is ansin atá an fhadhb leis an churaclam faoi láthair. Dá mbeadh na finnéithe timpeall an bhoird leis an Roinn Oideachais, b'fhéidir go mbeadh seansanna agus deiseanna ann. B'fhéidir go mbeadh am ann breathnú arís ar an churaclam. Is ceist amháin é sin.

Tá ceist agam do David Cagney freisin. Baineann sé leis na daoine sa státseirbhís atá ag lorg athraithe nó post difriúil. B'fhéidir go bhfuil siad lonnaithe i gcathair Bhaile Átha Cliath agus ag smaoineamh ar bogadh ar ais go Ciarrai, Gaillimh nó Dún na nGall. Táim ag smaoineamh ar na bailte atá aitheanta mar bhailte seirbhíse, mar shampla, Leitir Ceanainn. Tá níos mó státseirbhísigh lonnaithe i Leitir Ceanainn anois. An bhfuil aon solúbthacht ansin? An bhfuil aon deiseanna ann tríd an scéim mobility? Ba chóir go mbeadh. Táim ag iarraidh barúil David Cagney faoi sin. An bhfuil seans ann do na daoine le Gaeilge dul go dtí na bailte seirbhíse tríd an scéim mobility? Nílim ag caint faoi Leitir Ceanainn ach faoi Ghaillimh mar tá nasc ag na bailte seirbhíse taobh amuigh den Ghaeltacht leis na daoine le Gaeilge laistigh di. B'fhéidir go bhfuil seans ann do na daoine le Gaeilge atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath atá ag iarraidh post difriúil sa Státseirbhís in áiteanna timpeall na tíre.

Dr. Aodhán Mac Cormaic: Ar an gceann sin, táimid ag caint leis an Roinn Oideachais. Má táimid chun an sprioc sin de 20% a bhaint amach, beidh go leor ag brath ar an gcóras oideachais. Níor mhaith liom aon rud a rá inniu. Mar is eol do chuile dhuine, tá próiseas comhairliúcháin ar bun ag an National Council for Curriculum and Assessment. Tá síneadh curtha leis sin go dtí mí na Samhna. Níor mhaith liom aon rud a rá anseo a thiocfadh salach ar an bpróiseas comhairliúchán sin. Tá an cheist sin faoin gcuraclam nua don ardteistiméireacht agus an córas T1-T2 á plé mar chuid den phróiseas sin. Beidh ionchur againn freisin. Beidh baint amach an sprioc sin de 20% ag brath go leor ar aschur oideachasúil a bheidh ag an gcóras oideachais mar a bhaineann sé leis an nGaeilge.

Mr. David Cagney: My colleague, Mr. O'Toole, will deal with the specific issue of mobility. The Deputy also asked about a wider issue in the context of blended working. I will take that question.

Mr. Rob O'Toole: There are two points to mention with regard to the mobility scheme. The first is that it is for the Department to decide where roles are based. The more senior roles, such as principal officer and assistant principal level for example, are advertised and sent out. The location is decided by the organisation. The Deputy is correct. Moves under the mobility scheme are permanent. That is an important point. With regard to mobility at the level of clerical officer and executive officer, if there is a requirement for Irish, it is possible to move down the panel. At those levels, your position on the list is based on length of service. That applies to the lists for all areas across the country. However, if there is a specific requirement for Irish, it is possible to move down the list to someone who is available.

To go back to a point Deputies have made on recruitment, we said we would take Deputy Ó Cuív's points away with us. With regard to defining competitions, there are two separate streams. One is the dedicated Irish competitions about which I have spoken. The other is the non-bilingual competition, which is focused on English. Candidates for this panel are able to express a preference for an Irish role. Those are better definitions but that does not take away from us coming back to answer those questions at the next level.

Mr. David Cagney: As my colleague pointed out, mobility involves permanent moves. While we have come out of what might be termed an experiment, which is unsustainable in many respects because of the demands it placed on people, we are going into quite a new environment with blended working. The current thinking is that your right to a blended working arrangement is by reference to your role. It is not personal to the jobholder. If somebody decides to move to Letterkenny when opportunities arise under blended working and his or her role or aspirations for promotion change, we will have to tease out the commitment he or she has made in locating in Letterkenny. Those promotional opportunities may not arise there. These are the kinds of issues we will be working through with our colleagues in the trade union movement as we work through what a blended working model is going to look like. There is no easy solution to the point the Deputy has made but, with regard to the Irish language, it has been recognised there should be a real opportunity for people who are fluent and who wish to remain working within their home environments, which are in Gaeltacht areas in many cases. A number of queries have come across our desks in that regard recently. We have to work through the longer-term implications for those people and for their organisations.

Chairman: Tá cúpla ceist agam fíín. Gabhaim buíochas leis na finnéisithe as na ceisteanna go dtí seo a fhreagairt. Tosóidh mé leis an bpíosa deireanach faoin athrú atá ag teacht chugainn ar fad ó thaobh na hoibre. Nílim ag cur an milleán ar aon duine ach thug an phaindéim seans dúinn tástáil a dhéanamh ar obair ó bhaile agus obair i mbailte beaga timpeall na tíre. Is féidir linn ar fad a aithint go bhfuil buntáistí ann gur féidir linn féachaint air. Molaim an Roinn as túis a chur leis an gcaint, atá ag tarlú sna comhlachtaí príobháideacha cheana fíín, i leith Bhaile Átha Cliath. Tá aithne agam ar dhaoine atá fostaithe ach nach raibh san oifig riamh toisc gur earcaíodh iad le bliain nó bliain go leith anuas. Níor bhuail siad lena gcomhghleacaithe ach ar Zoom, Teams nó a leithéid. I gcásanna áirithe, tá daoine an-sásta leis sin. Tá roinnt daoine eile gur fearr leo bualadh le daoine. Roimh an bpaindéim, bhíomar ag féachaint ar a bheith ag obair ceithre lá sa tseachtain seachas cúig lá. Bhí an státseirbhís i gcónaí go maith ó thaobh cuidiú a thabhairt do dhaoine atá ag iarraidh obair níos lú, a jabanna a roinnt agus a leithéid. Glacaim leis go dtarlóidh sé sin. B'fhéidir go shílfí nach bhfuil baint ar bith aige sin leis an nGaeilge

agus is é an fáth go bhfuil sé á rá agam ná go measaim go bhfuil stór daoine ann gur féidir leis an státseirbhís iad a earcú dá mbeadh na poist ar fáil sa Ghaeltacht fiú dá mbeidís ag obair do Roinn atá lonnaithe sa chathair. Bíonn a lán daoine ón nGaeltacht ag bogadh go dtí cathair Bhaile Átha Cliath, Corcaigh nó fiú an Ghaillimh agus tá costas mór breise i gceist. Tá athrú ionmlán saoil i gceist. Is deis é sin. An bhfuil tuairim ag na finnéithe air sin?

Cad iad na buntáistí atá ann do dhaoine atá ag obair sa státseirbhís? Tá daoine tar éis 20 bliain a chaitheamh ag caitheamh anuas ar an státseirbhís. Sa tréimhse idir 2008 agus pé bliain ina cuireadh críoch leis an mbord snip, bhítear ag caitheamh anuas ar státseirbhísigh, ar a bpinsin, ar an tslí inar oibrigh siad agus ar gach rud eile. Níor tugadh deis do na státseirbhísigh riamh an ról lárnach atá acu sa Stát a choimeád ar siúl a chosaint. Tá buntáistí ag baint le bheith ag obair sa státseirbhís. Le blianta beaga anuas, chuaigh daoine a bhí chun dul i dtreo na státseirbhíse i dtreo eile. Is é sin mar atá ach ba chóir dúinn i bhfad Éireann níos mó a dhéanamh i leith na mbuntáistí a bhaineann leis an nGaeilge. Ba chóir go mbeadh níos mó scoláireachtaí ar fáil dóibh siúd atá sa státseirbhís chun freastal ar chúrsaí sa Ghaeltacht. Ba chóir níos mó ranganna agus ciorcail chomhrá, idir chinn fhoirmeálta agus chinn neamhfhoirmeálta, a bheith ann laistigh den státseirbhís. Chuideodh sé sin leis na Gaeilgeoirí atá sa státseirbhís a tharraingt amach astu féin. Bíonn siad cúthalach uaireanta ar eagla go ndéanfaí pigeon-holing orthu, mar a luagh an Teachta Ó Cathasaigh. Tarlaíonn sé sin. Bíonn an token Gaeilgeoir ann sa chúinne gur gá dó ní di gach rud a aistriú. Fiafraítear díobh conas a deirtear rudaí áirithe. Táimse timpeall chomh fada sin go gcuireann gach duine ceisteanna aistriúcháin ormsa. Ní aistritheoir mé. Níl céim sa Ghaeilge agam. Mar sin, bíonn orm i gcónaí a rá nach bhfuil ach mo thuairim féin agam agus go bhfuil seans ann nach bhfuil sé go hiomlán cruinn. Má tá gramadach chruinn ag teastáil, ba chóir dul go dtí aistritheoir.

An síleann na finnéithe go bhfuil gá le níos mó aistritheoirí ní hamháin i dTithe an Oireachtais ach sa chórás chun cuidiú leis an státseirbhís mar eagras cinnte a dhéanamh go bhfuil na dual-gais ar fad atá uirthi ó thaobh na Gaeilge de á gcomhlíonadh? Is post áirithe é. Luagh David Cagney ina ráiteas tosaigh an iomaíocht atá anois ann idir an státseirbhís agus an tAontas Eorpach agus go bhfuil roinnt de na haistritheoirí á n-earcú ag an Aontas. Tá airgead breise ar fáil dóibh as a bheith fostaithe leis an Aontas Eorpach seachas leis an Stát anseo. An mbeidh fadhb ann amach anseo? Is dóigh liom go bhfuil an Roinn i gceannas ar fhostaíocht do Thithe an Oireachtais freisin. An mbeidh fadhb againn amach anseo daoine a mhealladh chun obair mar aistritheoirí, nó i bpoist eile a bhaineann leis an nGaeilge, i dTithe an Oireachtais?

Mr. David Cagney: I absolutely empathise, as most people would, with those of us who could only engage with colleagues over Zoom, Teams and so on for a long time. One of the issues we will be teasing out as we roll out blended working is how to manage that really important interface that maintains the culture of organisations and that encourages collaboration and the innovation that is an output of collaborative activity. It very much enhances the role of the people manager. All of this has been recognised as presenting a real challenge but it can be addressed through training and support. I am pretty confident that those issues around new inductees and so on can be resolved pretty effectively over the course of the roll-out of blended working. I hope I have understood the Cathaoirleach's question correctly.

With regard to where we are likely to be with blended working, while the Department of Public Expenditure and Reform will not be specifying what blended working should look like in each office, with the exception of the key principles that will apply across the Civil Service and public service, we will be encouraging Departments to make decisions that make sense with regard to their operational requirements. From the conversation here today, it is very clear

that, if people working in Gaeltacht areas have an interest in working in the Civil Service, there should be no serious objection to them working in a blended working environment in those Gaeltacht areas. There are potential medium to long-term career issues involved which have not been worked through at this particular point in time and arrangements also cannot be made that are personal to the holder of the post. Leaving those caveats aside, blended working is potentially an important lever - I will not say game-changer - in encouraging fluent Irish speakers to work in the Civil Service.

In terms of the Cathaoirleach's point on various initiatives, I do not want to pre-empt the recommendations to emerge from the committee being set up under the legislation or the initiatives which may emerge over the course of the ten-year plan, Civil Service Renewal 2030, as to how to support and encourage people to speak Irish through various initiatives. As I said earlier, there is no one fix here. We are going to have to hit this challenge with everything we have in our armoury. The suggestions the Cathaoirleach has made will certainly have to be considered. However, I am not in a position to make any further comment in that regard. These decisions are wider than the remit of my Department.

With regard to the requirement for translators, while it is not within my area specifically, the Department is conscious of the challenges in that area. Among other things, these relate to starting pay. I would be reasonably confident that a sensible approach will emerge from my Department where there are clear business reasons associated with the challenges of attracting translators. I am not in a position to say anything more about it because it is outside of my remit but I would be reasonably confident that practical resolutions to those challenges can be found.

Chairman: Tá ceist bheag agam. Mr. Cagney has talked about recruitment. Does he have any idea how many Civil Service posts will be filled this year? I know there has been an embargo for many years and small numbers have been coming through but I presume that Mr. Cagney has some idea of what will be happening over the next while. It is just so we would have some measure of how many extra people will be hired if we are talking about 20% of new hires being proficient in Irish.

Mr. David Cagney: We have some reasonably accurate calculations on the opportunities in the context of the turnover. We are looking at in and around 500 to 600 vacancies arising as a result of the turnover, assuming it stays the same. There are wider economic circumstances which I am not in a position to comment on but that should be the figure assuming those vacancies are filled.

Mr. Rob O'Toole: In appendix A of the other submission we provided; we talked about the number of roles that have been filled. We look at that on an annual basis and if members have further questions on that we can answer them now or later through a written submission.

Dr. Aodhán Mac Cormaic: Tagraím don cheist faoi na haistritheoirí. Má chuirtear le líon na ndaoine atá ag obair sa státhóras le Gaeilge, ní bheidh gá go leor de na rudaí beaga a chur amach go dtí aistritheoirí. Tá sé ar nós muidne ag scríobh litreacha i mbÉarla chuile lá. Tá litreacha mar sin, trí nó ceithre líne, ag dul amach go dtí aistritheoir mar nach bhfuil na bunscoileanna Gaeilge ag daoine. Ní theastaíonn aistritheoir le haghaidh rud mar sin go minic. Teastaíonn aistritheoirí le haghaidh na rudaí i bhfad níos casta ar nós stuif a bhaineann leis an dlí, tuarascálacha bliantúla agus a leithéid.

Tagraím don Aontas Eorpach. Tá an droim briste air sin anois mar sin ní cheart go mbeadh aon iomaíocht as seo amach idir obair san Aontas Eorpach agus obair anseo sa bhaile. Beidh

200 duine ag obair san Aontas Eorpach, idir aistritheoirí, dlítheangeolaithe agus cúnatóirí roimh dheireadh na bliana seo. Beidh an droim briste agus ní bheidh an cothabháil á déanamh ar an gcóras sin ina dhiaidh sin.

Luadh an státseirbhís agus cén buntáiste atá ann. Scaití, ní diolann muid an rud i gceart. Tá go leor buntáistí bainteach leis an rud. Oideachas leanúnach is ea rud amháin. Is iomaí duine a d'fhág an scoil gan dul ag an ollscoil. Faigheann go leor daoine istigh sa chóras táillí aisíocha ag an eagras lena bhfuil siad ag obair. Tá go leor deiseanna ann ach is í an Ghaeilge an ceann eileanois. Tá sí mar bhuntáiste agus táimid in ann na scileanna teanga sin a fhorbairt. Ní rocket science é leis an taighde atá ann agus le tacaíocht ó na heagraíochtaí éagsúla beimid in ann é a dhéanamh.

Deputy Éamon Ó Cuív: Dúirt na finnéisithe ar ball gur 1.4% de na poist atá luaite leis an nGaeilge. Téann sé seo go croí na ceiste ar fad. Cé acu ar cheart a bheadh an rogha ag duine dhátheangach agus sé nó sí ag plé leis an tseirbhís poiblí an teanga a roghnú, an Stát nó an saoránach? Is é mo thaithise mar dhuine a bhíonn ag plé leis an Stát chuile lá agus mar dhuine atá dhátheangach ná le beagán eisceachtaí, fiú istigh sa Ghaeltacht, níl aon rogha ann ach plé leis an gcóras i mBéarla má táthar ag iarraidh aon dul chun cinn a dhéanamh.

Tugaim faoi deara leis na daoine i mo dháilcheantar - déarfainn go bhféadfadh an Teachta Connolly é seo a dhearbhú - nuair a thagann daoine ón nGhaeltacht isteach againn, ó tharla go bhfuil foireann le Gaeilge againn, labhraíonn siad linn i nGaeilge. Nuair a théann muidne ag plé leis an Stát agus nuair a théann siad féin ag plé leis an Stát, mar shampla an rannóg titheach i nGaillimh, le heisceacht amháin, is i mBéarla a dhéanann sé plé. Mar shampla, leis an rannóg cáin bhóthar, is i mBéarla a dhéanann sé plé. Mar shampla, fiú na daoine a chuirtear amach ag déanamh scrúdaithe maoinithe orthu agus iad ag tóraíocht cúram na leasa shóisiallaigh bionn orthu plé leo i mBéarla. Má tá siad ag plé leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus má thagann cigire amach ar an bhfeirm, níl aon rogha acu. Cuid de na daoine seo bheadh Gaeilge i bhfad níos fearr acu ná mar a bheadh de Bhéarla acu agus tá daoine mar sin ann i gcónaí.

Mar sin, nuair a deir na finnéisithe nach bhfuil gá ach le 1.4% tá siad ag déanamh sin ar an mbunús gur ag an Stát atá an rogha an teanga a bhrú ar a saoránach tar éis go mbeadh an teanga go bhfuil siad ag iarraidh a úsáid mar chéad teanga oifigiúil an Stáit. An ndearna na finnéisithe plé riamh ar an mbuncheist seo; cé acu ar cheart an rogha a bheith acu agus cén teanga a d'úsáidfidís ag plé leis an státhóras? Tá mé ag caint ar thairiscint ghníomhach agus an státseirbhís ag plé le duine go bhfuil ar a chumas nó a cumas Gaeilge mhaith a labhairt ar ais. Níl aon mhaith a bheith ag plé le duine agus Gaeilge fior-bhriste aige nó aici. Is féidir iar-racht a dhéanamh ach ní bheadh muid in ann an gnó a dhéanamh. Iontófaí ar an mBéarla mar teastaíonn éascacht a dhéanamh. Más fearr an Béarla ná an Ghaeilge ag duine, tá a fhios againn uilig go n-iontódh muid ar an mBéarla. Ar bhreathnaigh na finnéisithe ar an gceist sin riamh agus ansin a rá cé mhéad post gur cheart a bheith ann? Go dtí go ndéanfar sin, déarfar nach bhfuil na poist ann mar go labhraíonn daoine Béarla. Déanaim féin é chuile lá ach ní hé mar go m'bhfearr liom é a dhéanamh. Tá an córas ag séanadh mo chearta plé leis an Stát i nGaeilge ach cén rogha eile atá agam má tá mé ag iarraidh mo ghnó a dhéanamh?

Tá sé fior-spéisiúil. Deirtear nach mbíonn daoine ag éileamh seirbhís i nGaeilge ach ní bhacann daoine. Rud atá spéisiúil i nGaillimh; tá mé ag ceapadh gur mise an chéad duine go raibh mé i mo Theachta agus a chinntígh go raibh Gaeilge ag an bhfoireann oifige. Níl aon amhras ach gur tháinig daoine agam i ngeall air sin. Is rud an-iomaíoch í an pholaitaíocht. Neamhchosúil le bheith ag plé leis an Státseirbhís, tá rogha de pholaiteoirí ag duine. Tá sé thar a bheith spéisiúil go bhfuil triúr de na Teachtaí agus Seanadóir amháin as seachtar tar éis

déanamh cinnte go bhfuil Gaeilge ag an bhfoireann atá acu agus iad líofa. Tá margadh ann má cuirtear ar fáil an tseirbhís. Roimhe sin, má chuaigh duine ag Teachta ghlac chuile dhuine leis go gcaithfí Béarla a labhairt. Nuair atá rogha agus an tairiscint ghníomhach á dhéanamh, déanann na daoine an rogha agus tá sé thar a bheith spéisiúil an rogha a rinne siad. Anois déarfainn go dtéann formhór na gcainteoirí Gaeilge go dtí na triúr Teachtaí agus an Seanadóir go bhfuil Gaeilge acu. Má bhreathnaímid ar na boscaí vótála, tá an cuma sin ar an scéal.

Deputy Catherine Connolly: Ba mhaith liom tacú a thabhairt don Teachta. Baineann an rud a bhí le rá agam leis an méid atá ráite aige. Luaigh David Cagney nach bhfuil an t-éileamh ann agus go bhfuil sé íseal. Nuair a leantar ar aghaidh leis an meon sin, tarlaíonn sé go mbímid ag caint i mBéarla inniu mar shampla mar nach bhfuil duine sa Roinn in ann teacht os ár gcomhair agus an plé a dhéanamh trí Ghaeilge. Níl mé ag cur an locht ar na finnéisíthe ach tá mé ag cur in iúl an rud a tharlaíonn de bharr meoin a bheith ann nach bhfuil an t-éileamh ann.

Tagraím don choiste chomhairliúcháin. Bhí plé teasaí againn anseo ó thaobh cibé cén teanga, Gaeilge nó Béarla, gur cheart go mbeadh aici. Bhí leasú ag an gCathaoirleach go mbeadh Gaeilge mar theanga oibre ag an gcoiste. Dúradh linn nach mbeadh an modh oibre trí Bhéarla de bharr easpa líofachta sa Roinn. Ag an am céanna tá na finnéisíthe ag maíomh nach bhfuil cúrsaí ró-dhona mar nach bhfuil an t-éileamh ann. Sin an teachtaireacht a thóg mise as an méid a léigh mé. B’fhéidir go bhfuil mé mícheart. Seo na himpleachtaí atá ag eascairt as an meon. Beidh an coiste chomhairliúcháin ó thaobh na Gaeilge de ag feidhmiú trí Bhéarla mar ní bheidh státseirbhísigh in ann a gcuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge. Smaoinígí air sin.

Senator Lorraine Clifford-Lee: Maith thú. Sin pointe an-tábhachtach.

Chairman: Táim chun deis a thabhairt do David Cagney teacht ar ais.

Deputy Éamon Ó Cuív: Cé acu ar cheart an rogha a bheith acu faoin teanga: an saoránach nó an Stát? Faoi láthair, ní fhágann an Stát aon rogha ag an saoránach.

Chairman: Ligfimid do David Cagney freagra a thabhairt.

Mr. David Cagney: I will go back to Deputy Connolly’s point. If we have given the impression that we think this 1% is good then I want to point out that we are not saying that and I apologise if that has come across. That is reflecting the demand in the system, as articulated to the Public Appointments Service, which does the recruitment. I am not making comments as to whether that is good, bad or indifferent. We are very keen to support the aspiration or legal obligation that would be set out in the legislation and we are fully committed to do that. I would not like the Deputy to interpret those statistics as something we are happy with. Perhaps it is down to the way I expressed them.

I will go back to Deputy Ó Cuív’s question and it is much the same issue. We do not determine what the demand is within the system. That is a matter for individual Departments and offices. I am subject to correction on this but I understand that under the rules and regulations on the Irish language, the onus and obligation is on Departments and offices to identify those roles for which they believe there should be fluency in the language and to recruit for those roles. It would appear from the statistics we are seeing that there is a very low level of demand in those areas.

Deputy Éamon Ó Cuív: Tá David Cagney ag rá liomsa gur féidir leis an Roinn Coimirce Sóisialaí nó an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara a mhaíomh nach bhfuil aon éileamh ar sheirbhís trí Ghaeilge i gConamara.

Mr. David Cagney: No. I am not saying that.

Deputy Éamon Ó Cuív: Sin atá déanta aige go héifeachtach mar níl Gaeilge ag na hoifigigh atá ag dul amach ag plé leis an bpobal. Níl ach duine amháin nó beirt le Gaeilge san oifig i nGaillimh ach nuair a thagann duine amach ag seiceáil agus ag déanamh an scrúdú maoinithe is trí Bhéarla ar fad a dhéantar é.

Chairman: Níl sé ag rá nach bhfuil an t-éileamh tagtha ón bpobal. Tá sé ag rá nach bhfuil an t-éileamh chuige ag teacht ón Roinn ag lorg daoine le Gaeilge chun an t-éileamh a shásamh.

Deputy Éamon Ó Cuív: Aontaím leat. Tá polasaí-----

Deputy Catherine Connolly: Tá an t-éileamh againne mar choiste go mbeadh duine ón Roinn in ann Gaeilge a labhairt. Sin cuid den scéal freisin.

Deputy Éamon Ó Cuív: An bhfuil sé chun a insint dúinn, in ainneoin an straitéis 20 bliain don Ghaeilge agus an polasaí ar fad sin, gur féidir leis na Ranna Stáit aonaracha diúltú iomlán agus eiteach iomlán a thabhairt dó sin agus a mhaíomh nach bhfuil siad ag dul é a dhéanamh, nach bhfuil siad ag dul ag cruthú an t-éileamh agus nach bhfuil siad ag dul ag cruthú an chirt? Níl aon chiall leis sin.

Dr. Aodhán Mac Cormaic: Tagann mise ó chúlra an Bhéarla. Nuair a thosaigh mé sa státseirbhís, ba le Béarla a bhí mé ag obair agus ní raibh aon Ghaeilge agam. Tuigimse an dá thaobh mar sin. Tá mé saithe i saol na Gaeilgeanois. Rud a thug mé faoi deara sular thosaigh mé amach i saol na Gaeilge ná nach raibh an teanga ar an radar fiú ag go leor de na cohóirt atá ag obair sa státhóras.

An fáth go ndeirimse é sin ná go ndeachaigh mise isteach nuair a thosaigh mé amach sa phost seo ag gach Roinn Stáit. Chas mé leis na hoifigigh pearsanra i ngach Roinn Stáit seachas Roinn amháin agus bhí muid ag dul tríd na hélimh a bhí ar phoist le Gaeilge. Chuamar isteach go Roinn amháin agus bhí mo chomhghleacaí, Micheál Ó Conaire, in éineacht liom. Chuir mé an cheist chéanna orthu; an raibh aon phost a bhí aitheanta ag an Roinn do Ghaeilgeoirí agus dúradh nach raibh agus nach raibh aon éileamh ann. Chuir mé ceist mar gheall ar cohórt ar leith de dhaoine a bhí a fhios go maith agam go raibh ag obair sa Ghaeltacht agus a raibh ag plé le cainteoirí fior-dhúchasacha Gaeilge. D'iarr mé orthu faoi na daoine sin agus dúradh liom nár smaoinigh siad air sin ariamh. Sin an pointe; is aineolas atá ann. Níl aon rud mailíseach anseo ach is aineolas atá ann.

Má bhreathnaímid ar na cúrsaí a chuireann an Institute of Public Administration, IPA, agus go leor de na hollscoileanna ar fáil do bhainisteoirí sa státhóras, tá na cúrsaí sin do public administration agus a leithéid. Cuirim i ngeall leis na baill nach bhfuil modúil amháin fiú faoin nGaeilge ar aon cheann de na cúrsaí sin. Sin áit go gcaithfidh muid tosú, le cúrsaí oideachais agus oideachas a chur ar bhainisteoirí sa státhóras ag gach leibhéal. Is iad na bainisteoirí ag an leibhéal is ísle na bainisteoirí sinsearacha a bheas ann amach anseo. Caithfidh go dtuigfidh siad nach mbeadh siad aineolach. Níl aon neart acu air. Ní bhfuair siad an teachtaireacht go raibh tábhacht leis an teanga. Sin an bealach chun tú a chur leis sin a cheartú. Caithfidh go bhfeicfeadh siad an áit a bhfuil na Teachtaí Ó Cuív agus Connolly ag rá go bhfuil éileamh annsin; i measc na feirmeoirí Gaeltachta mar shampla. Caithfear daoine le Gaeilge a bheith ag dul amach ag plé leo. Tosaíonn sé i gcúrsaí mar ghné oideachais den rud istigh sa státhóras agus tiocfaidh sé tríd sin.

Deputy Éamon Ó Cuív: Caithfear tairiscint ghníomhach a bheith ann. Ní bhíonn ar dha-

ine dul agus a éileamh go mbeadh Béarla ann. An gnáthdhuine a bhíonn mise ag plé leo, má tá tairiscint ghníomhach ann roghnóidh sé nó sí Gaeilge agus mura bhfuil níl sé nó sí ag dul ag tarraingt raic air.

Mheabhróinn rud eile, agus tá an-mheas agam ar an Dr. Mac Cormaic. Áfach, má théann sé isteach ag Roinn Stáit ar bith ag iarraidh cearta leasa shóisialaigh agus, mar shampla an t-am a bheith imithe agus gan fios a bheith aige go raibh scéim ann agus nár chuir sé a iarratas isteach in am, ní thabharfar aon chreidiúint dó má deir sé nár thuig sé é sin, nó nach raibh aon eolas aige, nó nach raibh oideachas air le tuiscint go mba cheart dó cur isteach ar invalidity pension seachas disability allowance, rud a tharlaíonn go coitianta. Déarfar nach ndearna sé ag an am é agus good luck. Tá an dearcadh céanna agam féin. Mar a dúirt Ó Beoláin sa chás cúirte, cuireann an Stát go leor anró ar an saoránach agus níl leithscéal ar bith ag an Stát maidir leis an anró a chuirfidh sé ar an státhóras maidir le seirbhísí Gaeilge a chur ar fáil. Tá sin i mbreithiúnas Uí Bheoláin agus b'fhiú do na finnéithe é a léamh.

Chairman: Cuirfimid clabhsúr a cur leis an díospóireacht seo. Gabhaim buíochas leis na finnéithe David Cagney, Rob O'Toole, Eva Ní Shúilleabháin agus an Dr. Aodhán Mac Cormaic a raibh linn inniu chun an t-ábhar seo a phlé.

Tá an cruinniú seo ar athló go dtí 3.30 p.m. inniu, nuair a phléifear an t-ábhar cláir nuachta i nGaeilge le hionadaithe ó RTÉ agus ó TG4.

Chuaigh an suí ar fionraí ar 2.29 p.m. agus cuireadh túis leis arís ar 3.30 p.m.

Cláir Nuachta Gaeilge: Plé

Chairman: Ba mhaith liom fáilte a fheارadh roimh Jon Williams, stiúrthóir nuachta agus cúrsaí reatha RTÉ; agus roimh Joe Reddington, príomheagarthóir nuachta RTÉ. Mar a dúirt mé, tá siadsan anseo mar ionadaithe ar son RTÉ. Ba mhaith liom fáilte a fheارadh chomh maith roimh Alan Hesslemont, príomhfheidhmeannach TG4. Gabhaim buíochas leo as a bheith anseo.

Tá na finnéithe lonnaithe i Seomra na Dála le linn an chruinnithe seo. Ba mhaith liom na finnéithe a chur ar a n-aird go bhfuil siad, de bhua alt 17(2)(l) den Acht um Chlúmhilleadh, 2009, faoi chosaint lánphribhléid maidir leis an bhfianaise a thugann siad don choiste seo chomh fada is atá siad lonnaithe sa seomra coiste féin. Má ordaíonn an comhchoiste dóibh, ámh, éirí as an bhfianaise a thabhairt i leith ní áirithe agus má leanann siad dá tabhairt, níl siad i dteideal dá eis sin ach príobléid cailithe i leith na fianaise acu. Ordaítear dóibh nach dtabharfar ach fianaise a bhaineann le hábhar na n-imeachtaí seo agus fiafraítear díobh cleachtadh parlaiminte a urramú nár chóir, más féidir, daoine nó eintiteas a cháineadh ná líomhaintí a dhéanamh ina n-aghaidh, ina ainm, ina hainm nó ina n-ainm nó ar shlí a bhféadfaí iad a aithint. Ba mhaith liom iad a chur ar an eolas go ndéanfar na ráitis tionscnamh a chuireann siad faoi bhráid an chomhchoiste a fhoilsíú ar shuíomh gréasáin an chomhchoiste tar éis an chruinnithe seo.

Meabhráitear do chomhaltaí an cleachtadh parlaiminte atá ann le fada nár chóir dóibh tuairimí a thabhairt maidir le duine atá taobh amuigh de na Tithe nó le hoifigeach ina ainm nó ina hainm nó ar shlí a bhféadfaí iad a aithint.

Táimid ag plé cúrsaí nuachta Gaeilge agus cláir nuachta. I dtús báire, iarraim ar Jon Williams labhairt linn.

Mr. Jon Williams: Gabhaim buíochas leis na baill as an gcuireadh. I welcome any opportunity to talk about “Nuacht RTÉ”, not least to say how proud I am of the whole team for what they have achieved during the pandemic. As the director general made clear in last week’s RTÉ annual report, the mission to provide the people of Ireland with an impartial and comprehensive news service is at the heart of what we do, in Irish and in English, and never more so than during a public health emergency.

RTÉ is firmly committed to supporting the Irish language and to delivering on its public service obligations. Section 114 of The Broadcasting Act 2009 charges RTÉ with the responsibility to “provide programmes of news and current affairs in the Irish and English languages”. Under section 120 of the Act, RTÉ is obliged to provide TG4 with “the equivalent of one hour ... [daily of] programme material” in the Irish language. “Nuacht RTÉ” forms a substantial part of the provision formalised between RTÉ and TG4 in the 2018 to 2022 protocol agreement.

RTÉ employs more journalists working in Irish than any other news organisation in Ireland. RTÉ makes more than 250 hours of television news and current affairs in the Irish language every year, built around a multi-platform nuacht service broadcast on RTÉ One, the RTÉ news channel and TG4, online and on mobile via the RTÉ news app. The staff are employed by RTÉ and “Nuacht RTÉ” is part of RTÉ news and current affairs, led by its príomheagarthóir. The service is broadcast from TG4 studios at Baile na hAbhann. In addition, RTÉ also produces “7 Lá” for TG4. RTÉ broadcasts news bulletins in Irish every day on RTÉ Radio 1, 2FM and Lyric FM, while Raidió na Gaeltachta has been a lifeline service for many during the pandemic.

The financial challenge facing RTÉ remains as acute as ever, despite the temporary surplus reported in 2020, which was a direct consequence of the pandemic. Journalism relies on people, and our people are our biggest cost. The scale of the financial challenge means it will touch every part of the organisation. Like every organisation and every family in Ireland, Covid-19 means RTÉ has had to explore different ways of doing things. The pandemic has exacerbated the challenges for impartial and independent journalism.

Together, Raidió na Gaeltachta, and “Nuacht RTÉ” have given voice to Gaeltacht and Irish language communities. While they told their stories, we reminded them they were not alone. Through Raidió na Gaeltachta and “Nuacht RTÉ”, RTÉ directly supports the employment of 113 people in the Gaeltacht. Over the past four years, in partnership with TG4, RTÉ has re-launched “Nuacht RTÉ”, given it a new identity and moved it into a bigger studio. It has also invested substantial funding in extending “7 Lá” to a 42-week run and adding two additional posts to the team in Baile na hAbhann. For the first time, “Nuacht RTÉ” has a single identity across both broadcasters, evidence of Ireland’s two public service media organisations working together for the benefit of Irish audiences.

It is a service that is valued by viewers. Earlier this year, TG4 commissioned research from the National University of Ireland Galway, NUIG, and Red C, which found that 82% rated the service provided by RTÉ as “excellent” or “good”. Encouragingly, the support was strongest among viewers aged 18 to 34, 83% of whom rated the programme highly. Due to the importance of the service, RTÉ has consistently sought to protect Irish language journalism from the consequences of the organisation’s broader financial challenges.

Since the TV licence fee was last adjusted by the Oireachtas, RTÉ’s income has fallen by €100 million. In 2021, there are 32 fewer journalists in the Dublin newsroom than there were a decade ago, a period in which RTÉ news has also become a digital-first news organisation and built its presence online and on mobile in addition to existing radio and television services.

During that same period, five posts have been closed in “Nuacht RTÉ”.

Such is RTÉ’s commitment to Irish language journalism, that in 2021, the budget for “Nuacht RTÉ” is higher than it was in 2018. However, when it launched its revised strategy in November 2019, RTÉ was clear that it had to find €60 million in savings against projected costs, and the need for public funding remains as acute as ever. RTÉ employs camera operators on staff and several companies are contracted to supply crewing for “Nuacht RTÉ”. Currently, in any one week, “Nuacht RTÉ” has 28 days of dedicated crewing and a further five provided by video journalists.

Earlier this year, RTÉ decided to reduce this number by three contract crewing days in Dublin and, instead, continues some of the pandemic-era innovations, such as Zoom interviews and utilising some of the existing RTÉ staff crews working in Dublin. The crewing changes represent less than 10% of the dedicated crewing video capacity currently provided to “Nuacht RTÉ”. Its journalism and focus on Súil Eile comes from the journalism of its team, the stories it chooses and the contributors it interviews rather than who is behind the camera.

The proposal is not to stop the provision of crewing for “Nuacht RTÉ” in Dublin. It is to provide it differently, consistent with operational changes within RTÉ news and current affairs. The new crewing system has now been in place for a couple of months and is working well. The real threat to “Nuacht RTÉ” and to much else that RTÉ supports comes from the financial unsustainability of RTÉ’s funding model and the persistent annual loss of more than €50 million per year through the broken TV licence system. Far from endangering “Nuacht RTÉ”, greater collaboration between the news desks in Dublin and Baile na hAbhann is essential for its survival.

Mr. Alan Esslemont: Táim mé an-bhuíoch as an deis seo labhairt leis an gcoiste inniu. Tá mo ráiteas tosaigh curtha ar fáil. Glacaim leis go bhfuil sé léite ag na comhaltaí ach ba mhaith liom cuid de na bunthuisceintí atá ag TG4 ar chúrsaí craoltóireachta poiblí, ach go háirithe cúrsaí nuachta, a chur ar fáil dóibh. Creideann TG4 go mbaineann ról na craoltóireachta Gaeilge le pleánail teanga go pointe. Tá cuid den phleanáil ar a dtugtar pleánail stádais air agus tá ról lárnach ag TG4 sa phleanáil stádais sin. Le 25 bliain agois, tá an-dul chun cinn déanta ag TG4 ó thaobh chur chun cinn stádas na Gaeilge go náisiúnta.

Is é an t-aon rud faoi ná nach dóigh liom gur éirigh linn an stádas sin a thabhairt ag an leibhéal ba chóir di. Má bhreathnaíonn na comhaltaí ar tir nach bhfuil i bhfad ó seo, an Bhreatain Bheag, agus an stádas a thugann siadsan go Sianel Pedwar Cymru, S4C, tá beagnach trí oiread an mhéid maoinithe curtha ar fáil do S4C ná mar atá do TG4. Tá an stádas ag oibriú ach níl a dhóthain stádais ag TG4.

Is é an bhuntuiscint eile atá taobh thiar den fhís atá ag TG4 tar éis Covid-19 ná éiceachóras craoltóireachta níos cothroime ná mar atá faoi láthair. In Éirinn, is éiceachóras monailiteach í an t-éiceachóras chraoltóireacht seirbhíse poiblí. Níl aon chothromáiocht ann. Má tá 100% de mhaoiniú ag RTÉ, níl ach 18% de mhaoiniú poiblí ag TG4. Má chuirtear caiteachas san áireamh, níl ach an deichiú cuid ag TG4 agus atá ag RTÉ. Má tá fadhbanna ag RTÉ, beifear in ann a thuiscint an leibhéal fadhbanna atá ag craoltóireacht na Gaeilge sa tir seo.

Luaigh Jon Williams an taighde a rinne Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Is taighde iontach é agus is é an rud is láidre a thagann tríd ná go bhfuil caighdeán an-ard ag iriseoireacht na Gaeilge. Tá tallann sa Ghaeilge atá in ann déileáil leis ach is é an rud is mó a thagann amach ná nach bhfuil a dóthain di ann. Níl sé sách leathan. Maidir leis an mbeagáinín oibre a rinne bord

TG4 taobh amuigh dó sin, thángamar ar an tuairim, tar éis 25 bliain, i ndeireadh na dála, nach bhfuil againn ach feasachán ag 7 p.m. agus cuid den ábhar sin, tá sé feicthe ar chainéal eile i nGaeilge ag 5.45 p.m. agus ar chainéal eile i mBéalra idir 6 p.m agus 7 p.m. Maidir leis an rud atáimid a cur ar fáil ag 7 p.m., dar le bord TG4, tá sé tanaí. Chomh maith leis sin, níor éirigh linn, le 25 bliain, leis an rud ar thug Jon Williams “digital-first” air. Níl aon phróifil “digital-first” ar chor ar bith ag TG4. Aon chuid di, is faoi bhrandaí RTÉ atá sí.

Dar leis an mbord, tá obair mhór le déanamh, agus mar chuid den phlean atá curtha ar aghaidh againn ag an Roinn, an Rialtas agus an Broadcasting Authority of Ireland, BAI, táimid ag moladh athraithe ar chúrsaí nuachta. Is dóigh gurb é an rud is tábhactaí ná go mbeidh maoiniú ar fáil ach, roimhe sin, is é an rud is tábhactaí ná go mbeidh fír faoi leith ag “Nuacht TG4” ag gach leibhéal. I ndeireadh na dála, cé go bhfuil an comhoibriú iontach idir muid agus RTÉ, tá ceannas eagarthóireachta i gceist ansin.

Deputy Catherine Connolly: Cuirim fáilte roimh na finnéisithe. An bhfuil aon duine in RTÉ le Gaeilge? Is ceist dhíreach shimplí í. Tá an cur i láthair i mBéalra inniu. An bhfuil aon duine le líofacht Ghaeilge in RTÉ chun an jab a dhéanamh inniu nó cabhair a thabhairt do Jon Williams?

Mr. Joe Reddington: Tá mise anseo.

Deputy Catherine Connolly: Tá Joe Reddington anseo agus beidh eisean á dhéanamh trí Ghaeilge. Tá mé measctha suas leis an mBéalra. Tá sé deacair a bheith ag éisteacht leis an mBéalra agus ansin ag iarraidh é a aistriú. Gabhaim mo leithscéal. Tharla sé sin roimh an lón freisin. Gabhaim mo bhuíochas leis.

Sháraigh RTÉ an dlí ag dul siar agus fós tá siad ag sárú an dlí. Tá sé sin ráite go neamhbhalbh ag an gCoimisinéir Teanga. An nglacann na finnéisithe leis sin, go bhfuil an dlí sáraithe ag RTÉ?

Mr. Jon Williams: I am here to talk about the provision of news programming in Irish. I am not competent to talk about anything beyond that. That was the terms of-----

Deputy Catherine Connolly: Is é sin croílár mo cheiste. Tá dualgas dlíthiúil ar RTÉ seirbhísí i nGaeilge a sholáthar. Níor chomhlíon sé an dualgas sin, cúrsaí nuachta san áireamh. An nglacann na finnéisithe leis sin agus an nglacann siad go bhfuil an dlí fós á shárú acu? Tá cúpla ceist eile agam ansin. An nglacann siad leis sin? An nglacann siad le tuarascáil an Choimisinéara Teanga gur sháraigh RTÉ an dlí? No?

Mr. Jon Williams: I am not in a position to answer the Deputy’s question because, as far as I am concerned, RTÉ news and current affairs is not in breach of the law in its provision of “Nuacht RTÉ”, as prescribed by the Broadcasting Act. We fulfil our obligations and, with the greatest respect, I cannot answer for anything beyond news and current affairs.

Deputy Catherine Connolly: Tá tuiscint aige ar an gceist seo, agus tá dualgas ar RTÉ méid cláir a sholáthar chun an dualgas a chomhlíonadh. Is é an rud atá á rá ag Jon Williams ná gur píosa den jigsaw sin cúrsaí nuachta, agus maidir leis an mír sin, níl an dlí sáraithe ag RTÉ. An féidir leis é sin a chur i gcomhthéacs dom? Cé mhéad clár nuachta atá i gceist? Cad é an dualgas atá ar RTÉ? Cad é a thuairim faoi sin? Cé mhéad clár atá ag teastáil chun a dualgas a chomhlíonadh agus cén céatadán de na cláir sin a ullmhaíonn cúrsaí Gaeilge agus cúrsaí nuachta?

Mr. Jon Williams: Under the Broadcasting Act, we are obliged to provide the equivalent of

an hour per day. That is the equivalent of 365 hours of broadcasting. Every day, we provide-----

Deputy Éamon Ó Cuív: Some 365 hours every day.

Deputy Catherine Connolly: In aghaidh na bliana.

Mr. Jon Williams: No, 365 hours across the year.

Deputy Éamon Ó Cuív: That is an hour per day.

Mr. Jon Williams: An hour per day.

Deputy Éamon Ó Cuív: With three hours extra for a Christmas bonus.

Mr. Jon Williams: The important thing there is the equivalence. The Act is clear that the equivalence is to be agreed between RTÉ and TG4. In the protocol that was agreed in 2018, there is an allowance made for content that is hosted on the RTÉ Player, for example. As I have explained, I am straying into areas on which I am not competent to comment. I do not want inadvertently to mislead the committee.

Deputy Catherine Connolly: B'fhéidir go bhfuil mé mífhéarálte. B'fhéidir go bhfuil duine eile in ann freagra a thabhairt. Foilsíodh tuarascáil faireacháin ón gCoimisinéir Teanga i 2019. Léirigh imscrúdú ar cuireadh críoch leis i mí na Nollag 2018 gur sháraigh RTÉ an tAcht Craolacháin 2009. Sáraíodh an tAcht mar nach raibh réimse cuimsitheach chláir theilifise i nGaeilge ná cláir theilifise cúrsaí reatha i nGaeilge á gcraoladh ag an stáisiún, mar a éiltear faoin reachtaíocht.

Mr. Jon Williams: The best thing I can do is get back to Deputy Connolly and the committee on the point the Deputy raised because I am not competent to answer the Deputy's specific question and I will need to ask those who are.

Deputy Catherine Connolly: An bhfuil aon duine in ann é a fhreagairt?

Deputy Éamon Ó Cuív: Más buan mo chuimhne, ba é an rud a d'iarramar ar an gcoiste a iarraidh ná go dtiocfadh príomhstiúrthóir RTÉ isteach le labhairt linn.

Chairman: Chuaigh an cuireadh amach chun déileáil le ceist chlár nuachta Gaeilge.

Deputy Éamon Ó Cuív: Chuaigh, ach mura bhfuil siad in ann déileáil leis an ábhar mar go bhfuil siad ag rá gach dara ceist nach mbaineann sé leo, is cineál cur amú an cruinniú seo murab fhéidir leis teacht ar fhreagraí.

Chairman: B'fhéidir just ar an ábhar sin. B'fhéidir go bhfuil ceisteanna sa bhrefis-----

Senator Lorraine Clifford-Lee: Gabh mo leithscéal, a Chathaoirligh, ba cheart dúinn an cruinniú a chur ar athló go dtí go bhfuil duine éigin ábalta an cheist shimplí sin a fhreagairt. Is ceist an-bhunúsach í. Ba chóir do dhuine éigin é sin a fhreagairt.

Deputy Éamon Ó Cuív: Tacaím leis sin. Tá sé in am dúinn seasamh le chéile.

Chairman: An bhfuil an litir ag an gcléireach a cuireadh amach? Ba é an méid a lorgaíomar ná chun plé le cláir nuachta Gaeilge seachas cláir Gaeilge RTÉ.

Deputy Éamon Ó Cuív: Tuigim é sin.

Chairman: Is í an cheist atá á cur ag an Teachta Ní Chonghaile ná ceist faoi thuairisc ón gCoimisinéir Teanga maidir cláir RTÉ uile.

Deputy Catherine Connolly: An nuacht san áireamh.

Chairman: Ní hamháin go bhfuil nuacht san áireamh ach tá cúrsaí reatha chomh maith mar gur luaigh sí cúrsaí reatha sa quote. Tá freagra tugtha ag Jon Williams, ó thaobh na nuachta de, nach bhfuil sé ar a chumas labhairt thar ceann RTÉ. Tá sé ar bhaill an choiste an cinneadh a dhéanamh más mian leo leanúint ar aghaidh nó an cruinniú a chur ar athló. Smaoinídís go bhfuil príomhfheidhmeannach TG4 linn chomh maith céanna.

Deputy Catherine Connolly: Leanfaimid ar aghaidh le TG4.

Deputy Éamon Ó Cuív: Caithfimid leithscéal a ghabháil. Tá mé cinnte go bhfuil an príomhfheidhmeannach chomh dírithe is atá muid ag iarraidh freagraí a fháil ar an gceist seo ar fad maidir le craoladh trí Ghaeilge agus an chaoi a bhfuil an phríomhtheanga oifigiúil atá ag an Stát seo. An bhfuil aon stát ar domhan ina gcaitear leis an bpriomhtheanga oifigiúil ar an gcaoi a bhfuiltear á caitheamh léi ag RTÉ, ag an bpriomhchraoltóir náisiúnta mar a deir sé féin?

Chairman: Tá mise sásta an rún atá á chur agaibh a chur, más mian libh.

Deputy Catherine Connolly: Ceapaim go bhfuil sé tábhachtach. Níl mé ag iarraidh am a chur amú. Tá a fhios agam gur chuir na finnéisithe dua orthu féin ag teacht anseo. Is rud neamhgnách iad na torthaí seo ón gCoimisinéir Teanga. Faraor, tá siad i bhfad níos miniceanois maidir leis an Garda freisin agus dreamanna eile. Baineann nuacht le réimse leathan cláir agus níl na finnéisithe in ann an cheist a fhreagairt. Sa chomhthéacs sin, b'fhéidir go mbeidh sé i bhfad níos fearr dá mba rud é go raibh duine anseo a d'fhéadfadh leis nó léi na ceisteanna a fhreagairt. Tá neart ceisteanna eile agam maidir le cúrsaí nuachta, cúrsaí ar líne agus líon foirne, ach tá mé sásta iad a ligean go dtí am éigin eile agus leanfaimid ar aghaidh le TG4.

Deputy Éamon Ó Cuív: D'fhéadfaimis an plé le RTÉ a chur ar ceal.

Chairman: Má tá sibh sásta. Tá mé tar éis seiceála leis an gcléireach. Cuireadh an cuireadh chuig Dee Forbes atá ina príomhfheidhmeannach.

Deputy Éamon Ó Cuív: Sin a cheap mé.

Chairman: Is ise a rinne an cinneadh, agus ní ag caitheamh anuas ar Jon Williams nó Joe Reddington atáimid anseo.

Deputy Éamon Ó Cuív: Taispeáineann sé seo gach uile shórt. Tá príomhfheidhmeannach TG4 anseo. Nach é atá mar cheannasaí nuachta TG4? Ach níl an príomhfheidhmeannach RTÉ anseo mar go gceapann sí gur choiste fánach é coiste na Gaeilge.

Deputy Catherine Connolly: Chun a bheith féarálte, b'fhéidir go bhfuil míthuiscent i gceist, ach ar aon nós, ní féidir leanúint ar aghaidh inniu.

Chairman: An bhfuil aon bhall eile ag iarraidh labhairt air seo, sula ndéanaim é sin? Gabhaim leithscéal le Jon Williams agus Joe Reddington ach tá an coiste tar éis cinneadh a ghlacadh gan leanúint leis an gceist maidir le RTÉ inniu ar bhonn nach féidir leis na finnéisithe freagairt thar ceann ceisteanna ionláine maidir le RTÉ agus an Ghaeilge, nuacht agus cúrsaí reatha mar atá luate ag an Teachta Ní Chonghaile maidir le tuairisc an Choimisinéara Teanga ach go háirithe, agus baineann an dá rud le chéile.

Mr. Jon Williams: Could I make one point? I am perfectly competent to talk about news and current affairs. I run news and current affairs in English and in Irish and that is what I understood the committee wanted to discuss. If I have misunderstood, then I apologise, but we have come here in good faith. As I said in my opening statement, notwithstanding the concerns both Deputies and Senators may have, the staff of “Nuacht RTÉ” work incredibly hard and I am incredibly proud of what they have achieved over the past 16 months. I had hoped I might be able to express that to the committee today. If I am not able to, then of course I understand, but it would be unfortunate. I will completely understand and accept the decision of the committee.

Deputy Éamon Ó Cuív: Ba mhaith liom a dhéanamh soiléir go gcreidimid ar an gcoiste seo, bhuel creidim ar aon nós, go n-oibríonn rannóg nuachta RTÉ agus rannóg nuachta Raidió na Gaeltachta thar a bheith crua agus, go minic, is mó dua atá orthu siúd scéalta a chlúdach ná mar atá ar lucht an Bhéarla mar go mbíonn sé níos deacra daoine a fháil le hagallamh a dhéanamh leo. Níl muid ag caitheamh anuas ar bhealach ar bith ar fhoireann na nuachta ach táimid ag tógáil na ceiste maidir leis an easpa acmhainní atá á gcur ar fáil don nuacht agus cúrsaí reatha trí Ghaeilge ag RTÉ. Baineann sé sin leis an tuarascáil ón gcoimisinéir, mar in aon stáisiún craolta, baineann cuid mhaith de na cláir le nuacht agus cúrsaí reatha. Is é sin an áit a dtéann cuid mhaith de na hacmhainní mar go gcaithfidh tú iad a dhéanamh beo gach uile lá. Mura bhfuil na finnéisithe in ann plé maidir le teip na coda sin de RTÉ ina dhualgas reachtúil, mar a thaispeáin an Coimisinéir Teanga, ní mór an fiosrúchán a bheith anseo.

Deputy Catherine Connolly: Ní dóigh liom go bhfuil gá é a rá nach bhfuil drochmheas againn ar fhoireann na nuachta. Ní hé sin atá i gceist. Níl aon ghá leis sin a rá.

Deputy Éamon Ó Cuív: Níl.

Deputy Catherine Connolly: Táimid ag díriú isteach ar ábhar atá tábhachtach agus ar an dualgas dlíthiúil agus dleathach atá ar RTÉ. Tá gá le ceisteanna leathana a chur, cúrsaí nuachta san áireamh. Is é an cinneadh ceart an píosa seo den chruinniú a chur ar ceal.

Deputy Éamon Ó Cuív: I mo chás, tá mé tar éis teacht 250 km le bheith anseo agus caithfidh mé dul ar ais 250 km eile. Is é an rud céanna le cuid mhaith eile de na Teachtaí. Leis an aimsir atá ann, b'fhearr linn a bheith sa bhaile ach táimid aníos anseo ag ceapadh go mbeadh plé fónta ar ábhar thar a bheith tromchúiseach.

Chairman: Tá mise sásta an chuid seo den chruinniú a chur ar fionraí más é sin an cinneadh. Is féidir linn leanúint ar aghaidh agus cuireadh a hama féin a thabhairt do Dee Forbes, ach mura bhfuil an coiste sásta leis sin, tá mise sásta an chuid seo den chruinniú a chur ar athló agus leanúint le TG4 i gcúpla nóiméad más é sin atá ag teastáil.

Deputy Catherine Connolly: Ní dóigh liom gur féidir dul ar ais ar an méid atá ráite ag Jon Williams. Tá sé ann maidir le cúrsaí nuachta. Dar leis, níl RTÉ ag sárú an dlí ó thaobh cúrsaí nuachta de. Ní féidir na focail sin a tharraingt. Tá gá anois le díospóireacht cheart le daoine in ann na ceisteanna a fhreagairt. Ba cheart an píosa sin a chur ar ceal go dtí-----

Chairman: An píosa maidir le RTÉ a chur ar athló go dtí go mbeadh an príomhfheidhmeanach ag teacht os ár gcomhair?

Deputy Catherine Connolly: Ar athló.

Senator Lorraine Clifford-Lee: Ar athló

Deputy Éamon Ó Cuív: Ar athló.

Chairman: Déanfaimid é sin. Tá brón orm. Tá an cruinniú ar fionraí ar feadh cúpla nóniméad chun ligean do na finnéisithe ó RTÉ seasamh amach. Tiocfaimid ar ais arís i gcúig nóniméad agus leanfaimid leis an gceist maidir le TG4 má aontaíonn daoine leis sin. An aontaítear? Aontaítear.

Chuaigh an suí ar fionraí ar 4.04 p.m. agus cuireadh tús leis arís ar 4.13 p.m.

Chairman: Cuirfimid tús arís leis an gcruinniú agus leanfaimid ar aghaidh le príomhfheidhmeannach TG4. Tá an ráiteas tosaigh tugtha aige agus beidh sé foilsithe ar an suíomh gréasáin.

Deputy Catherine Connolly: Cuirim fáilte roimh an bhfinné. Iarraim air rud a mhíniú dom. Is é atá i gceannas ar TG4 agus tá RTÉ ag soláthar na foirne maidir le céarsaí nuachta. An é sin an cás? Táim ag iarraidh bheith soiléir i mo cheann. Oibríonn an fhoireann nuachta do RTÉ agus soláthraíonn RTÉ an tseirbhís do TG4. Tá mé soiléir faoi sin. An mbeidh Alan Esslemont in ann ceisteanna a fhreagairt maidir le céarsaí foirne, daoine ag dul ar scor, má tá TG4 in acmhainn na poist sin a chomhlíonadh amach anseo agus ceisteanna mar sin?

Mr. Alan Esslemont: Cinnte.

Deputy Catherine Connolly: Go raibh míle maith agat. Tá TG4 25 bliain ar an bhfód an bhliain seo.

Mr. Alan Esslemont: Tá.

Deputy Catherine Connolly: Comhghairdeas.

Mr. Alan Esslemont: Go raibh maith agat. Táimid an-bhródúil as an méid atá curtha i gcrích againn. Nuair a bunaíodh Teilifís na Gaeilge, TnaG, bhí go leor sa tír nár theastaigh uathu TnaG a bheith ann agus, dar liomsa, is socrú *de minimis* a bhí sa socrú a rinneadh. Is an rud is lú a d'fhéadfaidís a dhéanamh a bhí ann ach, ag an am céanna, ag cinntiú go raibh muid ann. I ndeireadh na dála táimid fós mar sin. Tá RTÉ chomh mór céanna agus tá an ecosystem chomh monailteach céanna is a bhí riamh. Tá thart ar 18% den mhaoiniú poiblí ag TG4 is atá ag RTÉ.

Ó thaobh na nuachta, téann sé ar ais go dtí an pointe sin. Dúirt an Stát nach raibh sé in ann ioc as stáisiún Gaeilge. Dúradh leis breathnú ar an mBreatain Bheag, mar thug an BBC uair an chloig sa lá -anois is deich n-uaire an chloig sa tseachtain atá ann - do S4C agus ar an mbealach sin bhí an stát in ann airgead a shábháil. Le bheith firinneach, gan an uair an chloig sa lá, móide an €15 milliún a bhí againn nuair a thosaigh muid, ní bheadh muid in ann tosú. Is socrú hibrid a bhí ann ón tús mar ní raibh an Stát sásta íocaíocht iomlán a chur ar fáil do TnaG. Caithfear a rá freisin gur rud casta é a bheith ag plé le céarsaí nuachta mar teastaíonn saineolas. I ndeireadh na dála, d'éirigh le RTÉ é sin a bhunú leis an tallann a bhí ann agus le tallann nua. Dúradh linn nach raibh tallann ann sa Ghaeilge, sa Ghaeltacht nó i bpobal na Gaeilge, ach ag gach pointe d'éirigh linn é sin a chur ar fáil agus, dar liomsa, tá na hiriseoirí raidió agus teilifise atá againn faoi láthair ar chomhchéim leis na hiriseoirí atá ag feidhmiú i mBéarla, agus cuid acu níos fearr. Mar a dúirt an Teachta, is RTÉ atá ag ioc a gcuid pá. Tá siad fostaithe ag RTÉ agus tá siad ag soláthar dhá bhranda nuachta faoi láthair, is iad sin, nuacht ar RTÉ agus nuacht TG4.

Deputy Catherine Connolly: An bhfuil nuacht ar RTÉ agus nuacht TG4 mar an gcéanna?

Mr. Alan Esslemont: Sa suirbhé a rinne Ollscoil na hÉireann Gaillimh, cheap an chuid is

mó daoine go raibh siad mar a chéile. Cheap roinnt daoine go raibh níos mó nuachta faoi phobal na Gaeltachta ar nuacht TG4 ach tríd is tríd cheap an chuid is mó daoine gur mar a chéile iad.

Deputy Catherine Connolly: Tá sé sin deacair a thuiscint mar an coincheap a bhí ann ón túis ná go mbeadh súil eile ag TG4 agus go mbeadh sé in ann anailís níos doimhne agus anailís dhifriúil a dhéanamh i gcomparáid leis na meáin chumarsáide eile, go háirithe iad siúd i mBéalra. An bhfuil ag éirí le TG4 an cuspóir sin a bhaint amach nó an bhfuil teipthe aige faoi láthair?

Mr. Alan Esslemont: Aontaím leis an Teachta. Is fearr an tseirbhís nuachta, ar aon chraoltóir seirbhísí poiblí, a dhéanann sainmhíniú. Faigheann daoine óga ach go háirithe - tá cúigear againn idir 24 agus 34 - a gcuid nuachta ar a bhfoin agus níl TG4 in ann an cineál iriseoireachta sin a chuir ar fáil faoi láthair faoi bhranda TG4. Mar a dúirt mé, rinne an bord plé faoin gceist seo agus shocraigh muid nach bhfuil sa rud atá againn faoi láthair ach feasachán. Is leathuair an chloig sa lá atá ann agus cuid den ábhar feicthe ag daoine in áiteanna eile. Níl sé sin sásúil agus níl sé suas chun dáta sa mhéid ba cheart a bheith ann. Mar a dúirt Jon Williams, ba cheart go mbeadh seirbhís digital-first ag seomra nuachta agus níl sé sin againn.

Deputy Catherine Connolly: Críochnóidh mé le cúpla ceist agus b'fhéidir go mbeidh deis agam teacht ar ais níos déanaí. Ní bhreathnaím ar theilifís so ní saineolaí mé ach léann mé na páipéis agus breathnaím ar an sceideal i gcónaí. Agus mé ag réiteach don chruinniú seo, bhreathnaigh mé ar an sceideal. Tá cúrsaí nuachta ar RTÉ go minic i rith an lae. Níl siad ar TG4 ach uair amháin agus níl ansin ach deich nó 15 nóiméad. Tá Alan Esslemont ag rá anois go bhfuil sé sin díreach cosúil leis an nuacht 20 nóiméad ar RTÉ 1 ag 5.40 p.m. roimh an Angelus. Sin difríocht. Tá 20 nóiméad ar RTÉ agus 15 nóiméad ar TG4, agus chomh maith leis sin tá nuacht eile go minic ar RTÉ i rith an lae. Dá mbeadh TG4 in acmhainn, an bhféadfadh sé níos mó bulletins a chur ar fáil?

Léigh mé an aighneacht a chuir TG4 isteach ó thaobh an bhuiséid de agus an fáth go bhfuil tuilleadh airgid agus acmhainní á lorg aige. Tá sé leagtha amach go hiontach ó thaobh daoine óga a mhealladh agus cúrsaí digiteacha a láidriú, go háirithe ó thaobh cúrsaí nuachta. De réir mar a thuigim, téann bulletins nó feasacháin breaking news amach cúpla uair chuile lá i mBéalra. Ní théann siad amach beag ná mór i nGaeilge. An dtagann an rud seo faoi chúram TG4 nó an mbaineann sé leis an stiúrthóir ó RTÉ, atá le teacht os ár gcomhair i gceann cúpla seachtain? Tá mé measctha suas agus táim ag iarráidh eolas a fháil ach tá sé deacair. Tá difríocht mhór idir an dá theanga agus i bhfad níos lú béisimé á chur ar an nGaeilge. Chonaiceamar é sin i rith na paindéime maidir le comharthaí agus chuile rud ar TG4 agus RTÉ i nGaeilge. Bíonn na news alerts, breaking news agus an rud uilig trí Bhéalra, agus de réir mar a thuigim, tá ciorruithe ann ag an deireadh seachtaire freisin agus níl nuacht ar fail le linn an deiridh seachtaire. An bhfuil mé mícheart? Níl a fhios agam. Níl sé ceart go bhfuil muid ag brath ar phíosa eolais anseo agus ansiúd chun plé a dhéanamh ar an rud mar táimid in am an gháitair i ndáiríre. Ba mhaith liom é sin a rá i mbealach níos dearfáí. Ba mhaith linn cabhair a thabhairt do TG4 dul i ngleic leis na dúshláin. Bheinn buíoch dá bhféadfadh Alan Esslemont cúpla rud a rá faoi na pointí sin.

Mr. Alan Esslemont: Rinne an Teachta tagairt don phlean físe tar éis Covid atá curtha le chéile ag TG4 agus curtha amach ag an Róinn. Tá sé mar aighneacht réamh-bhuiséad freisin. Tá plean ansin don nuacht agus tá roghanna eile ann, ach i ndeireadh na dála is roghanna níos airde iad sin a bhaineann leis an Rialtas. Tiocfaidh mé ar ais aige sin.

Tá muidne ag feidhmiú taobh istigh den reachtaíocht atá ann faoi láthair, so tá dualgas orainn oibriú amach céard atá mícheart le TG4 agus céan chaoi gur féidir linn feabhas a chur air. Sa phlean sin, táimid ag moladh gur cheart go mbeadh an fhoireann atá fostaithe ag RTÉ

ag feidhmiú mar fhoireann ITN, a chuireann ar fáil Channel 4 News agus Channel 5 News. Ba chóir go ndéanfadh siad dearmad ar an máthair-bhranda agus síriú isteach go hiomlán ar an mbranda seirbhíse, is é sin, TG4. Faoi láthair tá siad tarraingthe idir an dá rud agus níl sé sin ag feidhmiú. Chomh maith leis sin, tá cuid den ábhar is fearr ag teacht amach i mBéalra sula gcuireann muidne amach i nGaeilge é.

Aontaím go hiomlán leis an Teachta ó thaobh bhriseadh-nuachta. Go minic, tagann briseadh nuachta suas ar an bhfón. Tá fón ag chuile dhuine agus sin an áit go bhfuil siad ag iarraidh briseadh nuachta a fheiceáil. Níl aon struchtúr digiteach nuachta againn agus ba cheart go mbeadh. Sin an rud atá sa phlean a tháinig ó bhord TG4. Caithfidh TG4 ceannas eagarthóireachta a bheith againn ó thaobh fíos na nuachta a leagan amach. Caithfimid cur leis na hachmhainní atáimid ag cur i dtreo na nuachta, agus caithfimid an struchtúr seo ó thaobh an aip dhigiteach a chur ar fáil. Is féidir oibriú ar an mbealach sin. Tá roghanna eile ann agus tá siad cloiste agam ó chuid de na Teachtaí. D’fhéadfaí fáil réidh leis an uair an chloig sa lá ó RTÉ agus an t-airgead a thabhairt do TG4. Is féidir linn feidhmiú ar an mbealach sin ach sin ceist don Rialtas. Ní ceist í dúinne mar tá muidne ag plé leis an reachtaíocht mar atá.

Deputy Éamon Ó Cuív: An beart ciallmhar a bheadh ann dá dtabharfaí an t-airgead do chláir nuachta agus cúrsaí reatha do TG4 agus cead a thabhairt dó nuacht Gaeilge a dhíol le RTÉ dá mbeadh sé uaidh go tráchtála? Tá dualgas ar RTÉ craoladh trí Ghaeilge don uair an chloig mar tá sé sin sa reachtaíocht. An mbeadh sé sin níos sásúla do TG4 ó thaobh brandáil de, dá mbeadh an mhaoín aige agus cead aige díol, seachas an mhaoín a bheith ag RTÉ agus é ag úsáid acmhainní TG4? Ag an deireadh seachtaine bíonn scéalta beaga spéisiúla daonna ar an nuacht. Nuair a chuirtear an tuairisceoir amach ó RTÉ, cuirtear agallamh ar an duine i nGaeilge, mar is scéal Gaeilge a bhíonn ann, ach cuireann siad ceist i mBéalra freisin. Ansin cuireann RTÉ é ar nuacht a 6 a chlog mar bíonn siad ag iarraidh é a líonadh le scéal deas spéisiúil mar nach bhfuil an oiread sin nuacht ann ar an deireadh seachtaine. Bíonn sé air sin tar éis gur scéal TG4 Súil Eile atá ann i ndáiríre, mar go minic is rud é a tharla i gceann de na Gaeltachtaí. An mbeadh TG4 níos fearr as dá mbeadh sé i gceannas agus go socródh sé go bhféadfadh RTÉ an scéal a bheith aige le haghaidh nuacht a 9 a chlog ach go mbeadh sé ag TG4 ag a 7 a chlog i dtosach agus nach dtiocfad sé amach ag a 6? Dá ndéanfadh muidne an cinneadh an rud a iompú bun os cionn ó thaobh maoiniú de agus an maoiniú a thabhairt do TG4, an mbeadh sé sin níos fearr ó thaobh brandáil do TG4 nó ar cheart dúinn an rud a fhágáil mar atá sé?

Mr. Alan Esslemont: Is ceist daoibhse-----

Deputy Éamon Ó Cuív: Tá a fhios agam ach cé acu ab fhearr le TG4?

Mr. Alan Esslemont: Mar fheidhmeannas, tá sé i gcónaí níos éasca bheith ag plé leis an airgead go díreach mar tá a fhios againn céard atáimid ag iarraidh cur ar aghaidh inár mbranda féin. Tá sé níos éasca ar an mbealach sin agus tá sé níos glaine ach tá sé seo bunaithe le 25 bliain agus tuigfidh na baill, mar pholaiteoirí, cé chomh casta is atá sé rudaí a bhaint as a chéile. Dá ndéarfadh an Rialtas amárach nó an bhliain seo chugainn go raibh sé ag fáil réidh leis an uair an chloig sa lá agus ag cur go leor acmhainní ar fáil - sin an cheist eile a bheadh againn - le haghaidh seirbhís cheart nuachta atá always-on digital, mar a deir siad, agus a fheidhmíonn ag an leibhéal céanna is a bheifeá ag iarraidh i mBéalra, déarfadh feidhmeannas TG4 cinnte. Is ceist pholaitíuil atá ann.

Deputy Éamon Ó Cuív: Tuigim é sin, ach níor mhaith liom go ndéanfaimis é, nó go ndéanfaimis iarracht é a dhéanamh, agus go dtiocfad TG4 inár ndiaidh ag rá go bhfearr leis é an chaoi a raibh sé. Nuair atá Alan Esslemont ag caint ar nuacht dhigiteach, tá sé ag caint ar a

leithéid de RTÉ News Now, is é sin, go mbeadh aip ar an bhfón agus dá mbeadh duine ag iaraidh léamh faoi scéal an phrótacail inniu, mar shampla, de réir mar a bhí sé ag tarlú, bheadh sé nó sí in ann é a fháil.

Mr. Alan Esslemont: Go díreach.

Deputy Éamon Ó Cuív: B'fhéidir go bhfoilsíonn na Sasanaigh rud éigin agus an chéad rud eile bíonn freagra ó Rialtas na hÉireann agus mar sin de agus bíonn daoine in ann é a fháil de réir mar atá sé ag tarlú. Má tá mé ag iaraidh é sin a fháil i nGaeilge, beidh mé ag fanacht go dtí a 6 a chlog ar a thúisce. Sin atá i gceist.

Mr. Alan Esslemont: Sin go díreach é.

Deputy Éamon Ó Cuív: Ag fágáil as an tiantú bunoscionn, cé mhéad airgid breise a theastaítear as seo go ceann ceithre bliana chun an nuacht dhigiteach agus mar sin de, agus na mianta atá léirithe san fhís, a chuir a gcrích?

Mr. Alan Esslemont: Tá dhá chúis leis an rud atá san fhís. Síleann muid nár cheart go mbeadh stádas níos lú againne ná mar atá ag S4C. Chomh maith leis sin, ó thaobh cothromáiocht taobh istigh den public service media, PSM, ecosystem, nó craoltóireacht phoiblí, faoi láthair tá sé monailiteach. Tá cuid mhór ag dul go RTÉ agus níl aon chuid ag dul in aon áit eile. Faoi cheann ceithre bliana, má tá 100% ag RTÉ, ba cheart go mbeadh 40% ag TG4, 40% ag Fís Éireann agus 20% na cistí ar a dtugtar contestable funds, rudaí cosúil leis an scéim Sound & Vision atá ag an BAI. Ar an mbealach sin bheadh cothromáiocht idir an méid a bheadh RTÉ ag fáil agus chuile dhuine eile. Tá trí lever eile sa Stát anois ó thaobh an tionscal closamhairc. Tá RTÉ ann ach freisin tá TG4, Fís Éireann agus Fuaim & Físe agus mar sin de ann. Dá mbeadh cothromáiocht idir an trí chinn sin ar thaobh amháin agus RTÉ ar an taobh eile, bheadh muid ag dul i dtreo éiceachóras cothrom. Faoi láthair tá sé monailiteach. Deir na craoltóirí ar fad gur cheart go mbeadh éagsúlacht agus iolrachas ann, ach cén chaoi a bhfaigheann tú iolrachas nuair atá an t-éiceachóras monailiteach? Ní bhfaighidh tú é. Sa phlean táimid ag cuardach thart ar 40% den mhéid airgid atá ag RTÉ. Ní chuireann sé sin san áireamh aon athrú san uair an chloig sa lá. Dar le RTÉ, caitheann siad os cionn €10 milliún ar an uair an chloig sa lá faoi láthair.

Deputy Éamon Ó Cuív: Le bheith soiléir, is é seo roinnt den cheadúnas, ní ioncam tráchtála.

Mr. Alan Esslemont: Is ea. An t-aon chuid den airgead ceadúnais a fhaigheann TG4 ná an uair an chloig sa lá atá ann.

Deputy Éamon Ó Cuív: Tá dhá cheist bheag phraiticiúil agam. An mbeadh sé i gceist ag TG4 go mbeadh níos mó feasacháin nuachta ann ná ceann amháin sa lá?

Mr. Alan Esslemont: Cinnte. Tá roghanna eile ann le nuacht a chuir ar fáil. Is é an fón póca an rud is tábhactaí. Bíonn sé air an t-am ar fad agus bíonn daoine ag fáil scéalta atá ag briseadh an t-am ar fad. Sin an rud is tábhactaí faoi. Is féidir linn feasacháin bhreise a chur ar siúl freisin ag a 9 a chlog ar maidin agus i gcaitheamh an lae. Níl aon easpa ama againn i gcaitheamh an lae ach is é an fón an rud lárnach.

Deputy Éamon Ó Cuív: Tuigim é sin ach is féidir físeáin a chur le cuid de na feasacháin ar an bhfón.

Mr. Alan Esslemont: Is féidir.

Deputy Éamon Ó Cuív: An mbeadh sé i gceist go mbeadh TG4 in ann é sin a dhéanamh?

Mr. Alan Esslemont: Bheadh.

Deputy Éamon Ó Cuív: Chuirfeadh TG4 feasacháin nuachta suas ar an bhfón le fiseáin sula mbeadh siad craolta ar an nuacht ag a 7 a chlog.

Mr. Alan Esslemont: Go díreach. Ar a laghad bheadh sé craolta faoi bhranda TG4 agus ní bheadh sé curtha amach i mBéarla faoi bhranda eile.

Deputy Éamon Ó Cuív: Cinnte. Tá ceist amháin dheireanach agam. Tá TG4 an-teoranta i dtaobh cúrsaí reatha. Tá “7 Lá” ann ach sin an méid. Breathnaíonn sé domsa go ndéanann “7 Lá” thar cionn ach tá fior-easpa acmhainní le haon taighde a dhéanamh nó aon chlár fiosrúcháin a dhéanamh. Bíonn ar TG4 é a chur le chéile, nó cuireann RTÉ le chéile é, seachtain ar sheachtain ach ní fhéadfaidh sé duine a chur ag obair ar feadh míosa ar scéal móréigin a bhriseadh mar níl na hacmhainní ann nó ní chuirtear na hacmhainní ar fáil. An bhfuil sé sin fior? Ar cheart go mbeadh TG4 in ann éagsúlacht níos mó a chur ar fáil ó thaobh cúrsaí reatha ná mar atá i láthair na huaire? Breathnaíonn sé domsa go bhfuil sé an-teoranta. Táim ag smaoineamh ar chláir le píosa video beag agus ansin plé gairid sa stiúideo. Tá i bhfad níos mó acmhainní ag RTÉ agus ina choinne sin tá TV3 á dhéanamh ar bhuiséad beag le “The Tonight Show”. An bhfuil an ceart agam go bhfaigheann TG4 na cúrsaí reatha ó RTÉ agus nach bhfuil aon airgead aige féin le cúrsaí reatha a dhéanamh?

Mr. Alan Esslemont: Bheadh orainn rud éigin eile a stopadh agus céard atá tú le stopadh-----

Deputy Éamon Ó Cuív: Tuigim é sin.

Mr. Alan Esslemont: -----nuair atá tú ag plé le hacmhainní an-bheag?

Deputy Éamon Ó Cuív: Is é RTÉ atá ag plé le cúrsaí reatha do TG4 faoi láthair.

Mr. Alan Esslemont: Faoi láthair is é RTÉ atá ag plé le cúrsaí reatha. Bhí am ann go raibh muidne ag plé leis ach is an tsocrú chéanna atá ag “7 Lá” faoi láthair. Tá an ceart ag an Teachta go hiomlán. Tá níos mó acmhainní curtha ar fáil i ngach réimse de na meáin don Bhéarla ná mar atá don Ghaeilge, mar dar leis an Stát tá an Béarla tábhachtach agus níl an Ghaeilge. Roinneann sé amach a chuid acmhainní dá réir sin. Le bheith firinneach, leis na hacmhainní atá curtha ar fáil ag an Rialtas dúinne, tá sé ag rá an rud céanna. Tá 100% ann do RTÉ agus 18% do TG4. Tríd is tríd, tá an Stát ar fad ag rá i ndáiríre nach bhfuil an méid sin tábhacht leis an nGaeilge so níl sé chun acmhainní a chur ar fáil agus a chur amú ar chraoltóireacht na Gaeilge. Faraor, téann sé sin ar ais ag an gcéad chomhrá a bhí agam nuair a bunaíodh muid. Sin an saol a bhí ann. Bhí an Stát ag rá nach féidir leis íoc as.

Deputy Éamon Ó Cuív: Is cuimhin liom nuair a bhí sé i gceist an stáisiún a bhunú, fuair mise glaoch gutháin ó dhuine éigin sinsearach sa státseirbhís ag rá liom go raibh sé i gceist acu é seo a bhunú. An chéad cheist a chur mé ná cén chaoi an raibh siad chun é a mhaoiniú agus dúradh go raibh cistíocht Stáit ann. D’fhiagraigh mise cén fáth nach raibh sciar den cheadúnas ar fáil. An fáth a bhí ann ag an am ná dá mbeadh ciorruithe ann is an dream a bhí ag fáil an mhaoiniú díreach a ghearrfar agus go mbeifear ag tógáil tithe go brách. Chuaigh mhaoiniú an cheadúnais suas in imeacht ama ach, faraor géar, cruthaíodh ró-cheart mé. Aontaím go bhfuil an struchtúr mícheart.

Senator Lorraine Clifford-Lee: Tá fáilte roimh Alan Esslemont agus gabhaim buíochas

leis as an gcur i láthair agus na freagraí go léir a thug sé dúinn. D'athraigh an córas ceamara ó thaobh cúrsaí nuachta i dtús Mheithimh. Dúirt Jon Williams go bhfuil seirbhísí nuachta ag baint úsáid as Zoom agus agallaimh a thaifead agus a sheoladh isteach agus mar sin de. Ní dóigh liom go bhfuil na seirbhísí Béarla ag brath ar agallaimh ar Zoom agus píosaí réamhthaifeadta. An bhfuil Alan Esslemont sásta leis an méid sin? An gceapann sé gur iriseoireacht cheart é sin? Nílim ag maslú na hiriseoirí iad féin ach an bhfuil easpa acmhainní ar fáil dóibh?

Mr. Alan Esslemont: Ba cheart an teicneolaíocht a úsáid agus mar sin a thosaigh mé féin amach ag plé mar eagarthóir air seo. Tá suim agam sa teicneolaíocht agus is féidir dul chun cinn a dhéanamh léi. Go háirithe, sa chéad tréimhse de Covid-19 rinne “Nuacht TG4” éacht mar d’éisigh leo teacht ar Ghaeilgeoirí ar ardchaighdeáin ar fud an domhain agus bhí na daoine seo ann i gcónaí ach níor chuimhníomar gur féidir linn iad a fháil agus a thabhairt isteach. Cheannaigh TG4 píosa teicneolaíochta agus is féidir teacht ar an nasc cosúil le Zoom ach déanann sé pictiúr níos láidre de. Is cuimhin liom go ndearnamar agallamh as Barcelona agus bhí an pictiúr ar nós go raibh sé ag teacht as an stiúideo. Creidim go láidir sa teicneolaíocht. Chruthaigh RTÉ TG4 leis an gcéad seomra nuachta digiteach san Eoraip, beagnach, nuair a bunaíodh an stáisiún. Tá sé sin sa DNA againn de bheith ag athrú rudaí.

Maidir leis an gcás seo agus ceamara in RTÉ, mar gheall go bhfuilimid ag fáil an nuacht ó RTÉ, is ceist do RTÉ cén chaoi a úsáideann sé a gcuid acmhainní. Dá mbeadh na hacmhainní ag RTÉ níl aon dabht ach go mbeadh sé á n-úsáid ar an mbealach digiteach sin.

Senator Lorraine Clifford-Lee: An bhfuil an tseirbhís ag fulaingt, dá bharr?

Mr. Alan Esslemont: Mar atá léirithe sa phlean sin, dar linn, níl seirbhís cheart faoi bhranda Nuacht TG4 nó cúrsaí reatha TG4 againn ach ní mar gheall ar na daoine atá ag obair mar feictear domsa go bhfuil siad ag déanamh-----

Senator Lorraine Clifford-Lee: Nílim ag iarraidh aon rud mar sin a rá agus aontaím le Alan Esslemont go ndearna siad éacht ollmhór chun daoine a fháil agus chun seirbhís a chur ar fáil. Táim buartha, ámh, faoi easpa acmhainní a bheith ar fáil do na hiriseoirí iontacha sin le hardchaighdeáin. Ba mhaith liom an pointe sin a shoiléiriú.

Mr. Alan Esslemont: Aontaím leis an Seanadóir. Ní raibh riamh a dhóthain infheistíochta déanta in iriseoireacht na Gaeilge ach má dhéantar é sin tiocfaidh rudaí iontacha chun cinn. Is í an fhís fhadtréimhseach atá againn ná go mbeimid ag feidhmiú cosúil le tíortha ar nós na Beilge agus na hEilvéise, agus fiú amháin sa Spáinn, is é sin go bhfuil an dá theanga taobh le chéile agus níl teanga amháin faoi bhagairt. Ní hí sin an cás faoi láthair agus is í cuid den fháth anseo ná nach bhfuilimid cosúil leis an Eilvéis nó nach ndéantar a dhóthain infheistíochta sna seirbhísí lárnacha mar TG4.

Senator Lorraine Clifford-Lee: Tá ceist amháin beag eile dár bhfinné. An bhfuil sé ar intinn ag TG4 aon chartúin eile a chur ar fáil ar nós “Paw Patrol”?

Mr. Alan Esslemont: Tá.

Senator Lorraine Clifford-Lee: Tá páistí agam sa bhaile.

Mr. Alan Esslemont: Tá an Seanadóir i bhfad ró-mhaith de bheith ag cuimhneach air seo. Nuair a thosaigh mé ag obair i gcúrsaí teilifise, bhí mé ag plé le cartún faoi fear sneachta “Boulli”. Is mise a chuaigh amach a roghnaigh é sin. Tá an-suim againn a bheith ag plé le brandá móra atá tarraigteach do pháistí. Cheannaíomar “Spongebob” agus “Paw Patrol” agus tá na

ceannacháin do pháistí faoi chúram Shiobhán Ní Bhrádaigh. Tá ag éirí le cuid de na brandaí is mó atá amuigh ansin agus tá sé sin tábhachtach.

Tá na comhlacthaí a dhéanann athghuthú ar na cláir sin thar cionn i mbun na hoibre sin. Uaireanta tá an leagan athghuthaithe níos fearr ná an leagan Béarla.

Senator Lorraine Clifford-Lee: Aontaím le Alan Esslemont. Táim ag tnúth leis. Gabhaim míle buiochas leis.

Chairman: Nach mbíonn siad i níos fearr i nGaeilge? Glaom ar an Teachta Connolly.

Deputy Catherine Connolly: Tá an deis seo á tapú agam mar níl daoine eile anseo. Maidir le cúrsaí ar líne, de réir mar a thuigim níl cúrsaí nuachta ar fáil ar líne ar an deireadh seachtaine. An bhfuil aon smacht ag Alan Esslemont maidir leis sin nó an mbaineann sé le RTÉ?

Maidir leis an mbriseadh nuachta, gabhaim buiochas le Alan Esslemont maidir leis an bhfrása “briseadh nuachta”. Cén fáth nach bhfuil sé ar fáil i nGaeilge agus nach bhfuil sé sin tarlaithe mar ní thuigim é sin?

Maidir leis an gceist a chuir an Seanadóir Clifford-Lee maidir le criúnna ceamara mar bhí daoine i dteagmháil linn maidir leis seo, an bhfuil cinneadh déanta ag RTÉ nó an bhfuil sé in ann é sin a rá? An mbeidh ceamara ar fáil le nuacht TG4 a chlúdach ar an deireadh seachtaine? Ní thuigim é sin mar tá sé chomh casta sin agus ba mhaith liom é a shimplí ionas go mbeidh mé in ann é a thuisint agus a rá le daoine.

Faoi dheireadh, maidir le “súil eile” a bheith ag TG4, tá baol ann gurbh é an rud atá le teacht ná an tsúil cheannann chéanna mura ndéanfaimid cearta a chinntiú. Bheinn buioch dá bhféadfadh ár n-aionna tabhairt faoi na pointí beaga sin.

Mr. Alan Esslemont: Maidir le ceamaraí, tá acmhainní ag RTÉ agus baineann sé úsáid as a gcuid acmhainní féin de réir a gcuid bainisteoirí féin, an bhealaigh is fearr a fheiceann sé agus an ghá atá le “X”, “Y” agus “X” a dhéanamh.

Deputy Catherine Connolly: An bhfuil criú ceamara le Gaeilge le fáil ag an deireadh seachtaine?

Mr. Alan Esslemont: Arís, is ceist é sin is féidir a chuir ar Joe Reddington mar tá an rud mínithe aige dom agus sa chomhthéacs atá againn faoi láthair, glacaíom bona fides RTÉ go mbíonn sé ag bainistiú an t-airgead chomh maith agus is féidir. Mar atá ráite agam, nuair a fheictear na hacmhainní atá ag TG4 faoi láthair, úsáidimid iad ar bhealach go hiomlán difriúil ó RTÉ agus níl aon dabht agam dá mbeadh acmhainní nuachta againn go mbeimid ag déanamh ár gcuid cinntí féin ó thaobh sin de.

I ndeireadh na dála, níl a dhóthain acmhainní ag dul isteach in iriseoireacht na Gaeilge agus is é sin tú agus deireadh an scéil.

Deputy Catherine Connolly: Ar dtús, an bhfuil figiúirí ag Alan Esslemont maidir leis an nuacht ar líne ar an deireadh seachtaine agus cén fáth nach bhfuil an briseadh nuachta i nGaeilge? Is ceist shimplí í sin.

Mr. Alan Esslemont: Ba cheart go mbeadh an briseadh nuachta i nGaeilge ag tarlú agus teastaíonn uainne go mbeadh sé sin ag tarlú faoi bhranda TG4 agus tá sé sin sa phlean. Faoi láthair, táimid ag cur €1.8 milliún sa phlean físe tar éis Covid-19 le haghaidh trí rud: láidriú ar

chúrsaí reatha; cur le hiriseoirí, go háirithe sna réigiúin; agus tabhairt faoi fo-struchtúr digiteach le gur féidir linn briseadh nuachta a chur air.

Deputy Catherine Connolly: An raibh pleán ann branda nuachta TG4 a bheith ar RTÉ seachas an chaoi ina bhfuil sé?

Mr. Alan Esslemont: Bhí agus d'aontaíomar é sin le RTÉ in 2017 ach ag an nóiméad deireadh shocraigh RTÉ nach raibh sé ag dul an bealach sin.

Nuair a thosaigh mé sa phost seo is é an rud is tábhactaí dom faoi aon stáisiún craoltóireachta poiblí ó thaobh a niche de ná cén cur chuige atá aige leis an nuacht agus bhíomar ag iarraidh tabhairt faoi sin. Is é sin an chéad rud a thugamar faoi, le cead a thabhairt do RTÉ, agus táimid bliain ag iarraidh an rud a aontú. I ndeireadh na dála níor éirigh linn é a aontú ach táimid ar ais anseo arís agus feictear domsa go dtí go mbeidh branda láidir digiteach le hacmhainní cearta faoi bhranda nuachta agus cúrsaí reatha TG4, ní bheidh iriseoireachta na Gaeilge in ann dul chun cinn a dhéanamh.

Chairman: Tá cúpla ceist agam féin ag teacht ón méid atá luaite ansin. Tá Alan Esslemont ag rá go bhfuil TG4 spleách ar shlí amháin ar RTÉ agus ar a nuacht. Sa phlean atá curtha os ár gcomhair ag Alan Esslemont, is €1.83 milliún atá i gceist leis sa mhéid atá luaite aige. Deir sé, “Mar chuid den infheistíocht nua, ceapfar foireann eagarthóireachta Nuacht TG4 a mbeidh an cúram orthu seirbhísí nuachta agus cúrsaí reatha TG4 a fhorbairt agus a chur ar fáil.” Tá roinnt mínithe tugtha ansin freisin. Mura bhfuil foireann ag TG4 beidh sé deacair agus ní bheidh aon phinginí fágtha as an €1.8 milliún atá an stáisiún ag lorg chun foireann bħreise nó ann féin a fhostú chun nuacht agus cúrsaí reatha a dhéanamh. Cad é an foireann atá ag TG4 faoi láthair? An bhfuil go leor ceamaradóirí, stiúrthóirí, láithreoirí nó pé dream atá gceist ann chun an méid atá le déanamh ag an stáisiún a dhéanamh i gceart? Má tá an stáisiún ag déanamh pleán iomlán nua, cé mhéad duine breise atá i gceist? Measaim go bhfuil an stáisiún ag lorg líon fairne róiseal chun an méid atá luaite ag Alan Esslemont san fhís a chur i gcrích, dar liom.

Mr. Alan Esslemont: Gabhaim buíochas leis an gCathaoirleach as a cheist. Tá dhá chuid san fhís. Tá infheistíocht dhíreach ó TG4 móide, cuir i gcás, an leath uair an chloig sa lá faoi láthair ó RTÉ. Is hybrid atá ann. Táimid ag déanamh infheistíocht ach ag an am céanna lean-faídih an ionchur ó RTÉ ach ar bhealach difriúil. In áit a bheith ag tógáil ceannas eagarthóireachta ó RTÉ, chaithfí é a thógáil ó TG4 agus a bheith ag feidhmiú mar a bhíonn ITN do Channel 4, is é sin ag breathnú air mar bhranda difriúil. Cé go bhfuil RTÉ ag ioc, b'fhéidir, as pá TG4 is do nuacht TG4 a bheadh an duine ag obair agus a bheadh a dhílseacht nó a dílseacht iomlán. Is í sin an áit as a gegraolfar rudaí i dtosach.

Is é sin an rud atá sa phlean agus is ag feidhmiú faoin reachtaíocht a bheidh an pleán. Mar atá luaite ag an Teachta Ó Cuív, má athraítear an reachtaíocht san Oireachtas, bheadh an fheidhmeannas sásta tabhairt faoi ar bhealach difriúil. Tá RTÉ á rá go bhfuil thart ar €10 milliún i gceist le haghaidh an uair a chloig sa lá agus níl an €10 milliún seo sa phlean a fuair an comhchoiste mar aighneacht réamhbhuiséid.

Deputy Éamon Ó Cuív: Ná bí aon fhaítíos ar Alan Esslemont mar níl aon chostas ag baint leis seo. Thóigfaí é ó seo agus thabharfaí é dó siúd mar is é an costas céanna do RTÉ é.

Chairman: Mura bhfuil RTÉ ag déanamh i gceart é, tá costas breise chun é a thógáil suas go dtí leibhéal níos fearr.

Deputy Éamon Ó Cuív: Tuigimid é sin ach tá airgead breise iarrtha chun é a thabhairt suas.

Chairman: Tá a fhios agam é sin. Tá airgead breise ann chun fír nua a dhéanamh seachas leanúint leis an méid atá ann faoi láthair.

Deputy Éamon Ó Cuív: Tuigim é sin.

Chairman: An mbeadh foireann bhreise a fhostú i gceist nó an mbeadh an foireann atá ag RTÉ á aistriú, i gcás an luchta theicniúil, mar shampla, ceamaradóirí, nó an bhfeiceann Alan Esslemont go leanfaidh an ceangal atá ann faoi láthair mar atá sé? Níl móran eolais agam faoi conas clár a chur le chéile seachas go siúlaimid isteach sa stiúideo, bíonn duine ann ag déanamh maisiú orainn, bíonn fear na soilsí ann, agus duine ann chun go mbeidh an t-aoi socair. Is é sin bealach in RTÉ. Tá bealach i bhfad Éireann níos tapúla ag TG4 agus thuig an stáisiún seo an saol digiteach ó thús. Ní raibh ceathrar ar an bhfoireann cheamara mar a bhí ag RTÉ agus tharla athrú toisc gur athraigh an saol agus gur éirigh na cearamaí chomh beag sin in ionad na gcinn mhóra mhillteacha a bhí ann. An bhfeiceann Alan Esslemont go mbeidh níos mó foirne le fostú? Níl mé i gcoinne daoine a fhostú ach má tá an stáisiún ag lorg €1.83 milliún agus ansin tá an €10 milliún atá á lorg ag RTÉ ann. An leor sin nó an mbeidh TG4 ag teacht ar ais an bhliain ina dhiaidh agus ina dhiaidh sin arís á rá go bhfuil deichniúr breise le fostú mar nach bhfuil go leor stiúrthóirí, comhordaitheoirí, láithreoirí - nó pé teideal atá acu - againn chun an fhís a chur i gcrích?

Mr. Alan Esslemont: Tá an pleán bunaithe ar an gcaoi ina bhfuil rudaí faoi láthair. Dá n-iarrfadh an tOireachtas go bhfuilimid ag athrú an uair a chloig sa lá, bheadh ar gach duine luach a chur ar an uair a chloig sa lá sin. Cuireann BBC luach os cionn €20 milliún ar an deich n-uaire an chloig sa tseachtaí a sholáthraíonn sé do S4C. Cuireann an Stát seo níos lú luacha ar aon rud a bhaineann leis an nGaeilge ach i ndeireadh na dála dá ndéanfadh an tOireachtas cinneadh gur cheart go mbeadh TG4 ag fáil “X” ón gceadúnas in áit an uair a chloig sa lá, ní bheadh fadhb ag feidhmeannas TG4 leis sin. Is pleán amháin a d’fheadfaí a bheith ann ná an t-airgead sin uile a úsáid i dtreo nuachta agus cúrsaí reatha sa chaoi is go bhféadfaimid rud a chur ar fáil i ndáiríre nach bhfuil ar fáil ag seirbhísí eile in Éirinn.

Ar an mbealach sin is féidir cás a dhéanamh go héasca le haghaidh airgead ceadúnais do chúrsaí nuachta agus do chúrsaí reatha i nGaeilge. Is cinneadh don Oireachtas é agus tá an pleán seo bunaithe ar an reachtaíocht mar atá sí faoi láthair.

Chairman: Cuirfidh mé críoch le mo chuidse agus iarrfaidh mé ar an Teachta Ó Cuív ansin.

Mar a tharlaíonn le haon iarratais ar bhuiséad, tagann nó ní thagann siad. Mura dtagann sé, an féidir le “Nuacht TG4” leanúint mar atá sé? An bhfuil fadhbanna bunúsacha ann ó thaobh trealaímh, stiúideoonna foirne, nó traenála de faoi láthair nó an bhfuil aon rud breise ag teastáil díreach i gcomhair standing still?

Mr. Alan Esslemont: Is é an rud práinneach anois ná go bhfuil an nuacht bogtha ar aghaidh. Déanann roinnt daoine, ar mó nós féin, suí síos ar 5.30 p.m. go dtí 7.30 p.m. agus is ar an gcaoi sin a fhaigheann mo chuid gasúr a gcuid nuachta. Tá sé an-tábhachtach, ámh, go mbeimid in ann branda nuachta digiteach TG4 a chur ar fáil. Is é sin an rud práinneach sa phlean. Is é an t-aon bhealach a dhéanfaimid é sin ná ceannas eagarthóireachta a ghlacadh ar chúrsaí nuachta.

Ní theastaíonn an iomarca daoine chun é sin a dhéanamh ach táimid ag brath ansin ar an seirbhís nuachta atá ag teacht ó RTÉ.

Deputy Éamon Ó Cuív: Tá éirithe le TG4 le hacmhainní an-bheag ó thaobh cúrsaí spóirt de. Bhí nuálaíocht ar go leor bealaí, d’fhéadfai a rá, gur lean RTÉ TG4 i gcúrsaí spóirt mar

cluichí nár bh fhiú do RTÉ a chraoladh 20 bliain ó shin, tá siad á gegraoladh anois agus tá na stáisiúin in iomaíocht chun iad a fháil anois.

An dtabharfadhl an tontú atá i gceist againne an faobhar agus an solúbthacht chéanna dá mbeadh TG4 i gceannas ar chúrsaí nuachta agus reatha, ag glacadh leis go mbeadh na hacmhainní ar fáil? Níl aon mhaith rud ar bith a dhéanamh gan acmhainní. Chruthaigh an stáisiún agus bhí sé níos éasca don stáisiún a bheith nuálach agus cruthaitheach sa spórt ná mar a bhí sé ó thaobh cúrsaí nuachta de. An é an t-údar a bhí leis sin ná gur eagraigh an stáisiún an t-airgead agus bhí sé in ann ansin dul ar an margadh agus rudaí neamhghnácha a dhéanamh ar bhealach a bhí thar a bheith éifeachtach mar chláir agus ó thaobh cúrsaí airgid de freisin?

Mr. Alan Esslemont: Is é ceann de na rudaí is mó a bhfuil mé bródúil as TG4 le 25 bliain anuas ná an neamhspleáchas smaointeoirreachta agus cruthaitheachta. Chuir sé sin rudaí ar fáil nach raibh chun teacht as RTÉ, nó fiú as Baile Átha Cliath. Má bhreathnaímid go náisiúnta ar an tír, is dearcadh náisiúnta atá ann agus is aniar atá sé, agus tugann sé sin cur chuige iomlán difriúil.

Mar a dúirt an Teachta, bhí an stáisiún in ann cinntí neamhspleácha a dhéanamh agus d'éisigh leis an stáisiún mar gheall go raibh an stáisiún neamhspleách. Rachaimid isteach sa spás sin agus tabharfaimid faoi agus déanfaimid é sin.

I ndáiríre, mar chraoltóir, má tá an duine neamhspleách, tá sé in ann i bhfad níos mó a dhéanamh. Mar an deir an Teachta Ó Cuív, tá rudaí cruthaithe againn i ngach réimse. Cén fáth mar sin nach mbeimis in ann a chruthú ó thaobh na nuachta agus cúrsaí reatha de? Is acmhainní freagra na ceiste sin.

Deputy Éamon Ó Cuív: Is acmhainní agus neamhspleáchas atá i gceist freisin. Rinne TG4 cinneadh go luath go ggraolfadh sé Peil na mBan. Ní hamháin go ndearna sé an-leas don stáisiún féin ach rinne sé sin an-leas do Pheil na mBan agus tharla fás as cuimse léi. Tá go leor den bhuiochais sin ag dul go TG4. Dá mbeadh sé sin faoi cheannas RTÉ ní gá go dtarlódh sé sin. Dá mbeadh TG4 ag fáil a chuid spóirt ó RTÉ, ní bheadh an deis chéanna aige dul amach agus tosú le rudaí as an nua ar fad a dhéanamh a bhí difriúil ag an am nuair a thosaigh sé chuige sin. Is é sin atá i gceist agamsa.

Mr. Alan Esslemont: Bhí agus tá saol craoltóireachta monailiteach ann. Tá sé an-éasca má táthar sa mhonalit sin an doras a dhúnadh agus déantar é sin. Is ansin atá an chumhacht. Dúnadh an doras agus dúnadh go leor doirse ar rudaí mar spórt na mban agus ar rudaí gur cheart a rá fúthu gur craoltóireacht seirbhise poiblí iad seo agus níl aon dabht faoi. Tá cur chuige ag an ggraoltóir eile atá go minic an-tráchtála in áit cur chuige seirbhise poiblí a bheith aige.

Deputy Éamon Ó Cuív: Tá ceist amháin deiridh agam. Tá plé á dhéanamh againn - de réir mar a thuigim é tá an tAire ag teacht leis seo - go mbeidh oiread áirithe airgid as cistí poiblí curtha ar fáil nuair a bheadh fógraíocht i gceist, ní hamháin d'fhógraí trí Ghaeilge ach fógraí trí Ghaeilge a bheadh ar chraoltóirí trí Ghaeilge. An dtabharfadhl sé sin cuidiú do TG4?

Mr. Alan Esslemont: Thabharfadhl sé. Ó thosaíomar, tá straitéis againn go mbeidh níos mó fógraíochta i nGaeilge. Ar a laghad chiallódh sé sin go mbeadh an tuiscint gur féidir fógraíocht a dhéanamh i nGaeilge. Bíonn an dream a chuireann na fógraí seo le chéile á gcur in áiteanna éagsúla. Ní chiallaíonn sé seo mar gheall go bhfuil siad i nGaeilge go mbeadh na fógraí ar TG4 amháin ach chuirfinn fáilte roimhe sin.

Deputy Éamon Ó Cuív: Is cuid den soláthar seo go gcaithfidh siad a bheith coimeádta

d'athsholáthar ann. Is é sin, uimhir a haon go gcaithfidh oiread seo fógraí a bheith trí Ghaeilge ach is é an dara coinníoll ná go gcaithfidh méid agus soláthar faoi leith díobh freisin a chraoladh ar na meáin Ghaeilge freisin. Ní hé sin na fógraí Gaeilge ar fad ach céatadán díobh.

Mr. Alan Esslemont: Mar a dúirt mé, bhí mé ag fóram craoltóireachta agus níl aon chumhacht margaidh ag TG4. Is é an t-aon tacaíocht atá ag TG4 ná reachtaíocht láidir agus rialacháin ansin ar an reachtaíocht sin a thugann tacaíocht don Ghaeilge. Úsáidtear focal mór sa Bhéarla, agus a úsáideann Hector freisin, agus is é sin meas nó respect. I ndáiríre má tá an dá rud sin ann, reachtaíocht láidir agus ansin rialtóir atá ag feidhmiú go maith le meas don Ghaeilge, is é sin an t-aon bhealach gur féidir linn dul chun cinn a dhéanamh. Má fhágtao TG4 agus an Ghaeilge faoin margadh-----

Deputy Éamon Ó Cuív: Beidh teipthe air.

Chairman: Ceart go leor. Gabhaim buíochas le Alan Esslemont as an méid sin a roinnt linn. Bhí sé spreagúil agus tá súil agam go mbeidh tairbhe maith as an méid atá sé tar éis a chur inár láthair. Ní muidne an tAire Airgeadais, tá brón orm a rá. Dá mbeimis bheadh sé i bhfad Éireann níos-----

Deputy Éamon Ó Cuív: B'fhéidir go mbeidh-----

Chairman: Ní bheadh a fhios agat.

Mr. Alan Esslemont: Ba mhaith liom focal buíochas a ghabhail leis an gcomhchoiste. Tá an obair atá ar bun aige an-tábhachtach agus tá an obair ó thaobh reachtaíocht na Gaeilge lárnach. Níl TG4 oscailte faoi láthair ach nuair a bheidh rudaí níos fearr chuirfinn fáilte roimh an gcomhchoiste ann i mBaile na hAbhann.

Deputy Catherine Connolly: An gcuirfidh TG4 fáilte roimh RTÉ?

Chairman: Ní gá an cheist sin a fhreagairt. Labhróimid leis an Uasal Dee Forbes amach anseo faoin gceist sin. É sin ráite guím gach rath ar obair TG4, ar na criúnna agus ar gach duine atá ag obair do "Nuacht TG4" agus do "7 Lá" chomh maith agus tá súil agam go n-éireoidh go geal leo agus go mbeidh siad in ann an fhís nuachta nua atá lúaite agus leagtha síos ag Alan Esslemont a chur chun cinn agus a bhaint amach chomh tapa agus is féidir nuair atá an cinneadh déanta ag pé Aire a bheidh ann faoi airgead breise a thabhairt do TG4.

Cuirfimid clabhsúr leis an díospóireacht. Ba mhaith liom mo bhúiochas a ghabháil le Alan Esslemont as an méid a phléigh sé linn. Cuirfimid an cruinniú seo ar athló do dtí 12:30 p.m. Déardaoin, 22 Iúil 2021 nuair a bheimid ag plé suíomh ionlán dátheangach a dhéanamh de Thithe an Oireachtais le Cléireach na Dála, Peter Finnegan.

Beidh cruinniú príobháideach againn am éigin chun plé a dhéanamh ar an méid a tharla níos lúaithe agus ar roinnt den chomhfhreagras.

Cuireadh an comhchoiste ar athló ar 5.07 p.m. go dtí 12.30 p.m., Déardaoin, an 22 Iúil 2021.